Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

An Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil 2008/2009

Arna chur faoi bhráid

an Aire Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil

Deireadh Fómhair 2009

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas as ucht a gcuid tacaíochta maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl:

- An lucht foirne sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil as maoiniú ón gCiste Comhshaoil a sholáthar agus as ucht a gcuid tacaíochta agus comhairle leanúnaí;
- Baill uile an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a roinn go fial orainn a gcuid ama agus a gcuid eolais i gcoitinne maidir leis an gclár;
- Bord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) as spreagadh agus tacaíocht leanúnach a sholáthar;
- Na daoine atá ina mbaill den Chroífhoireann Coiscthe nó a bhí ina mbaill de le déanaí: Brian Meaney, Andy Fanning, Jonathan Derham, Caitríona Collins, Fiona McCoole, Martin Doyle, Odile Le Bolloch, Isabelle Kurz, Keiron Phillips, Jane Kenneally, Jennifer Cope, John Breen, Michael McDonagh, Celine Horner, Brian Quirke, Tara Higgins, Helen Searson, Eimear O'Reilly agus Marian Lambert as a ngairmiúlacht thiomanta mar chabhair chun na tionscadail leathana um chosc agus um ghéilliúlacht ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo;
- Na comhairleoirí ar thug an EPA fostaíocht agus meantóireacht dóibh chun cuid mhór de na tionscadail a chur chun cinn;
- Gach páirtí leasmhar eile, gach eagraíocht agus gach duine a chabhraigh ar bhealach amháin nó ar bhealach eile leis an tionscnamh tábhachtach náisiúnta seo.

Gabhaim buíochas ó chroí leis na daoine thuasluaite ar fad.

Gerry Byrne, BA (Mod), PhD, MBA.
(Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl)

ISBN: 978-1-84095-332-9 10-09-240

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2009

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste ar bith a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt, nó go hiomlán, as gníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág duine ar bith gan déanamh de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear fhoinse.

Clár an Ábhair

Uimh. Leathanaigh

Buíochas

1. Réamhrá…… 1

2. Forbhreathnú ar Chosc Dramhaíola. …… 5

3. An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl: Tionscadail um Chosc. …… 10

4. Dramhaíl Ghuaiseach a Chosc agus a Bhainistiú…… 28

5. Géilliúlacht Tháirgí Rialaithe agus Gníomhaíochtaí Sceidealaithe…… …… 40

6. Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir …… 47

7. Conclúidí. …… 51

Aguisín A – Ionadaithe Choiste an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl..…. 52

Aguisín B – Téarmaí Tagartha an Choiste…….. 53

Aguisín C – Sliocht as Plean um Chosc 2009-2010…… 55

Aguisín D – Acmhainní Idirlín um Chosc agus Treoir…… 58

1. Réamhrá

Meastar gurb é athrú aeráide an bhagairt is mó do leas gheilleagrach agus do shlándáil na sochaí daonna. Baineann cuid mhór den díospóireacht timpeall ar bhearta seachanta agus maolaithe le hastú carbóin ó gach gné de shaol an lae inniu, rud a chuimsíonn fuinneamh, iompar, caitheamh agus táirgeadh. Moltar sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl Éifeachtacht Fuinnimh mar rud a chabhraíonn go mór leis an iarracht sin, go háirithe nuair a dhéantar é a shainmhíniú mar cur amú fuinnimh, uisce nó acmhainní aiceanta a sheachaint, thar aon ní eile i gcás nach acmhainní in-athnuachana iad. Tá naisc thábhachtacha idir na Cláir Oibre um Athrú Aeráide agus Éifeacht Fuinnimh agus beartais AE i dtaobh an chomhshaoil, mar shampla, Caitheamh Inbhuanaithe, Táirgeadh Inbhuanaithe agus Beartas Comhtháite Táirgí. Taobh istigh de bheartais AE agus náisiúnta i dtaobh na dramhaíola, tá Cosc Dramhaíola ar bharr an liosta agus san ionad is fearr in ordlathas na bhfreagraí sóisialta agus nasctar go díreach é le hÉifeachtacht Fuinnimh.

Ghlac an tAE leis an gCreat-treoir Dramhaíola nua i 2008 agus caithfidh na BallStáit í a aistriú isteach ina reachtaíocht náisiúnta faoi 2010. Deirtear sa Treoir go gcaithfear na cláir um chosc dramhaíola náisiúnta a ullmhú i slí a bhrisfidh an nasc idir an fás geilleagrach agus giniúint na dramhaíola. Tá an cuspóir sin ag teacht le Straitéisí Téamúla an AE, a chuimsíonn *Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní* agus *Cosc Dramhaíola* agus *Athchúrsáil*. Tá Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Bheartas Dramhaíola na hÉireann ar siúl i láthair na huaire.

Tugadh gealltanas den chéad uair maidir le Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (NWPP) i ndoiciméad beartais Rialtais "*Dramhaíl a Chosc agus a Athchúrsáil – Athrú a Sheachadadh*", a foilsíodh i 2002. Sa bhliain 2004, ainmníodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a fhorbairt agus dul i gceannas air. Tá Croífhoireann Coiscthe, a ceapadh as lucht foirne le taithí a bhí ag obair i réimse na bainistíochta dramhaíola san EPA cheana féin, ag obair ó shin i leith are réimse leathan tionscadal a bhaineann le cosc dramhaíola agus le freagracht táirgeoirí, rud ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo. Tá an Chroífhoireann Coiscthe freagrach, chomh maith, as obair chomhlánaithe a bhaineann leis na Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl, le Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir agus le monatóireacht, le hathbhreithniú agus le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Dhramhaíl Ghuaiseach a Bhainistiú. Go nuige seo, táthar i ndiaidh beagnach €12 milliún a chaitheamh ar nó a chur in áirithe do na tionscadail ar fad ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo.

Tá an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ag leanúint dá chuid oibre maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an chláir. Tá sé faoi chathaoirleacht an EPA agus tá lear mór lucht leasmhara ina mbaill de, a bhaineann le tionsclaíocht, le talmhaíocht, le húdaráis áitiúla, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le Ranna Rialtais (féach Aguisín A). Leagadh síos Téarmaí Tagartha i gcomhair an Choiste (féach Aguisín B). Soláthraíonn baill an choiste ionchur tábhachtach straitéiseach do phríomhchruinnithe an Choiste. Ina theannta sin, soláthraíonn siad cabhair luachmhar maidir leis na Grúpaí um Roghnú Tairiscintí agus na Grúpaí Comhairleacha Tionscadail do chuid mhaith de na tionscadail faoin gClár Náisiúnta um

Chosc ar Dhramhaíl. Tá Gnóchláir agus Miontuairiscí na gcruinnithe Coiste ar fad le léamh ar shuíomh idirlín an NWPP (féach www.nwpp.ie).

Ba chóir a nótáil go gcuirtear na Teicnící Infhaighte is Fearr i bhfeidhm ar obair an EPA maidir le ceadúnú agus forfheidhmiú áiseanna dramhaíola agus um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPPC). Is mór an cúnamh é sin ó thaobh maolú astuithe agus laghdú dramhaíola sna céadta áiseanna faoi riail na réimeas ceadúnaithe sin. Ina theannta sin, cuimsíonn clár taighde STRIVE an EPA (dá ngairtí ERTDI), na cláir maidir le Teicneolaíochtaí Níos Glaise, Táirgeadh Níos Glaise agus Comhshaoil, a chuireann próisis inbhuanaithe gnó chun cinn. Ar an dóigh chéanna, tá cláir dreasachta oibre ag eagraíochtaí eile, ar a n-áirítear Fiontraíocht Éireann agus Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann chun cabhrú le daoine, le heagraíochtaí agus le gnóluchtaí feabhas a chur ar inbhuanaitheacht a ngníomhaíochtaí.

Féachtar sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl le tógáil ar na nithe a baineadh amach trí thionscnaimh reatha agus tri na tionscnaimh a chuaigh rompu, ina ndírítear ar éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn agus úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní aiceanta. Is é is cuspóir don obair sin, mar a leagtar síos sa bheartas ná clár uaillmhianach bunaithe ar acmhainní a dhóthain a bhunú chun torthaí fiúntacha a bhaint amach maidir le dramhaíl a chosc agus a laghdú chomh mór agus is féidir in eachtraí as a n-eascraíonn dramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach. Faoi chúinsí geilleagracha níos dúshlánaí, ba chóir go ndéanfadh cosc costais a ghearradh siar, iomaíocht a fheabhsú agus daoine a spreagadh i dtreo próisis níos glaine agus táirgí níos glaine. I bhfocail eile, is cúnamh tábhachtach cosc dramhaíola chun geilleagar níos glaine, níos glaise agus níos glice a fhorbairt in Éirinn.

Soláthraítear sa tuarascáil seo léirbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh i 2008/9 maidir le héagsúlacht mhór táirgí comhtháite a bhíonn dírithe ar chosc dramhaíola sa chúigiú bliain den chlár. Tá teagmhálacha á ndéanamh go leanúnach ar bhonn forleathan leis na heagraíochtaí leasmhara ar fad a bhaineann le hábhar (ar ionadaithe iad de gach earnáil den sochaí), d'fhonn foghlaim agus taithí a roinnt i bpáirt agus chun go mbeidís rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscnaimh maidir le cosc dramhaíola/éifeachtacht acmhainní, mar a oireann (Léaráid 1).

Léaráid 1 – Lucht leasmhara maidir leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú:

- Cuireadh Clár náisiúnta Taispeántais na nÚdarás Áitiúla i gcrích go sásúil agus bunaíodh Líonra Coiscthe do na hÚdaráis Áitiúla chun leanúint den obair chun go mbeadh ar a gcumas tionscnaimh um chosc a chur i bhfeidhm ar fud na tíre;
- Tá fás tagtha ar na Dámhachtainí um Fháilteachas Glas ó seoladh é i 2008 le tacaíocht iomlán an lucht leasmhara. Díríodh ar dhramhbhia trí lear mór gnóluchtaí lónadóireachta a thabhairt isteach sa scéal agus lámhleabhar treorach um chosc a fhorbairt;
- Seoladh an Tionscnamh um Ghnó Glas ina iomláine tar éis céim phíolótach, rud a chuimsigh forbairt Uirlisí idirlín don Éifeachtacht Fuinnimh/Iniúchadh Uisce;
- Lean an mheitheal dá cuid oibre go dlúth i gcomhar le Repak chun Clár um Chosc Dramhaíola Pacáistíochta;
- Oiliúint Chreidiúnaithe um Chosc Dramhaíola do lucht gnó agus údaráis áitiúil á cur chun cinn i gcónaí;
- Deonaíodh cúnamh leantach do An Taisce chun tuilleadh céimeanna den chlár um Theaghlaigh Ghlasa a sheachadadh. Tugadh tacaíocht do Chomhdháil um Pobal Glas, chomh maith;
- Cuireadh tús le tionscadal um Chosc na Dramhaíola Bia mar thaca le húdaráis áitiúla ag iarraidh dramhaíl in-bhithmhillte teaghlaigh a laghdú;
- Tá réimse tionscadal chun an Plean nua um Bainistiú Dramhaíola Guaisí idir lámha anois, maidir le cosc, bailiú agus cóireáil, dírithe ar earnálacha áirithe;
- Tá tús curtha le tionscadal nua um chosc i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena mbaineann coigiltí móra maidir le costas agus le cosc nó íoslaghdú dramhaíola;

- Tá na hullmhúcháin dulta ar aghaidh go maith maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i Seachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola;
- Tá obair mhór curtha i gcrích maidir le substaintí díobhálacha trí reachtaíocht maidir le Défheinill Pholaclóirínithe (PCBanna), le Truailleáin Mharthanachta (POPanna), le gáis Fhluairín Ceaptha Teasa (F-gháis) agus le Substaintí Ídithe Ózóin (ODSanna);
- Tá obair mhór curtha i gcrích maidir le substaintí díobhálacha i dtáirgí trí na Rialacháin um Substaintí Guaiseacha (RoHS, Cadhnraí, Pacáistíocht, Péinteanna Maisiúcháin agus Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) a fhorfheidhmiú, rud a chuimsíonn riachtanais reachtúla um éicea-dhearadh. Cuireadh tacaíocht ar fáil do na húdaráis maidir leis na Rialacháin um Athchríochnaitheoirí Feithiclí agus Úsáideoirí Tuaslagóirí;
- Dul chun cinn leanúnach scata Tionscnamh um Fhreagracht Táirgeora (Athchúrsáil), ina measc, na Rialacháin um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus Cadhnraí (WEEE);
- Foilsíodh Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl 2007 agus chuathas i mbun taighde leathain maidir le staitisticí dramhaíola 2008;
- Soláthraíodh tacaíocht leathan chun Treoirlínte an EPA maidir le Réamhchóireáil Líontaí Talún a chur i bhfeidhm. Cabhróidh sé sin leis an iarracht náisiúnta chun na hoibleagáidí faoin Treoir um Líontaí Talún maidir le dramhaíl in-bhithmhillte cathartha a chomhlíonadh.

Ní ar chaomhnú acmhainní ábhair agus in-bhithmhillte amháin a thugtar aird sna tionscadail ar fad a bhaineann le cosc dramhaíola, tugtar aird, chomh maith, ar uisce agus ar fhuinneamh. Ar an dóigh sin, cabhraíonn an clár go mór leis na gnóchláir faoin gCreat Uisce agus Athrú Aeráide. Tugtar aird ar leith i dtionscadail ábhartha ar a riachtanaí agus a phráinní is atá sé dramhaíl in-bhithmhillte a chosc nó a chur ar atreo ó líonadh talún (de réir mar a dhéantar soláthar ina leith sin faoi *Straitéis Náisiúnta um Dhramhaíl In-bhithmhillte* 2006) agus do chúrsaí a bhaineann le dramhaíl ghuaiseach.

Foilsíodh í 2009-2012 go luath i 2009, tar éis dul i gcomhairle leis an lucht leasmhara. Cuireadh na riachtanais faoin Treoir nua um Chreat uisce isteach sa phlean (féach Aguisín C). Táthar ag súil go dtiocfaidh torthaí tábhachtacha sna blianta atá romhainn as na tionscadail sin um chosc dramhaíola, in éineacht le tionscnaimh chomhtháite náisiúnta eile maidir le dramhaíl a bhainistiú. Chuige sin, níor mhór go mbeadh fáil ar acmhainní iomchuí agus go dtugann lucht leasmhara sa tsochaí freagra dearfach maidir leis na dúshláin atá rompu. Leanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe dá cuid oibre a dhéanamh i gcomhar leis na himreoirí ábhartha ar fad, d'fhonn forbairt leantach a dhéanamh ar chumas daoine maidir le cosc dramhaíola agus le héifeachtacht fuinnimh i sochaí na hÉireann.

2. Forbhreathnú ar Chosc Dramhaíola

Treoir nua um Chreat Dramhaíola

Foilsíodh Treoir nua de chuid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle na hEorpa maidir le Dramhaíl i 2008 (2008/98/EC). Deirtear sa doiciméad sin go gcaithfidh na Ballstáit cláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl a bhunú ina leagtar síos cuspóirí agus bearta iomchuí. Díreofar iontu sin ar an nasc a bhriseadh idir an forás geilleagrach agus tionchar na dramhaíola a ghintear ar an gcomhshaol. Socrófar sa chlár sin tagarmharcanna, spriocanna agus táscairí sonraithe iomchuí maidir le cáilíocht agus méid, mar bhearta um chosc dramhaíola. Tá spriocanna agus táscairí fós le comhaontú ar leibhéal na hEorpa, áfach. Tá na cúrsaí sin á meas ag Coiste Cóirithe Teicniúil an AE faoi láthair. Tá an Chroífhoireann Coiscthe ag soláthar ionchur i dtaobh na ceiste sin agus fuair cuireadh ó Choimisiún na hEorpa maidir le taithí an NWPP i nDeireadh Fómhair 2009. Úsáidfear an t-ionchur sin mar chuid de na treoirlínte AE a fhorbairt do na Ballstáit ar fad maidir le cláir náisiúnta um chosc dramhaíola a fhorbairt, rud a bhfuil ceangal orthu a dhéanamh faoin Treoir nua.

Tá na sainmhínithe seo a leanas sa Treoir nua:

Ciallaíonn “Cosc” na bearta a ghlactar *sula ndéantar* dramhaíl de shubstaint, d’ábhar nó de tháirge, a laghdaíonn:

a) méid na dramhaíola, bearta chun athúsáid a bhaint as táirgí nó cur lena saol;
b) drochthionchar na dramhaíola ginte ar an gcomhshaol agus ar shláinte daoine, nó; or
c) a mbíonn de shubstaintí díobhálacha in ábhar agus i dtáirgí.

Ciallaíonn “Athúsáid” oibríocht ar bith faoina mbaintear úsáid chun na críocha céanna dár ceapadh iad as táirgí nó as comhpháirteanna *nach* dramhaíl iad..

Soláthraítear in Iarscríbhinn IV leis an Treoir Directive samplaí de cad is bearta um chosc dramhaíola ann. Cuimsíonn siad sin bearta pleanála, taighde um próisis/táirgí níos glaine agus táscairí um brú comhshaoil bainteach le dramhaíl a ghineadh. Moltar éicea-dhearadh, soláthar eolais um chosc dramhaíola/na teicnící tionsclaíochta is fearr agus riachtanais um chosc dramhaíola a chur isteach i gceadúnais IPPC. Tá ceangal ann measúnaithe dramhaíola agus pleananna coiscthe le haghaidh ionaid neamh-IPPC, bearta feasachta/tacaíochta maidir le gnó, comhaontaithe earnála agus córais um bainistiú comhshaoil a chur sa mheá. Liostáiltear, chomh maith, éicea-lipéid agus feasacht phoiblí, cláir ghlasa um sholáthar agus deisiú/athúsáid nithe a chur chun cinn.

Caithfear an Treoir a thiontú isteach i reachtaíocht na hÉireann faoi Mhí na Nollag 2010 agus na riachtanais maidir le cláir um chosc a theacht i bhfeidhm i 2013.

Meastar go dtiocfaidh, le himeacht ama, sineirgí úsáideacha idirnáisiúnta as comhoibriú i measc na mBallstát gona gcláir náisiúnta um chosc dramhaíola. Meastar go dtarlóidh sé sin, ach go háirithe, maidir le dramhaíl pacáistíochta agus le dramhaíl táirgí, atá ina nithe seachnáisiúnta de réir a nádúir, toisc go bhfuil ag méadu ar domhandú gheilleagar an domhain.

Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Bheartas Dramhaíola

Tá gealltanas i gClár Comhaontaithe don Rialtas 2007 maidir le hAthbhreithniú Idirnáisiúnta ar phleananna, ar chleachtais agus ar nós imeachta um bainistiú dramhaíola, cosc san áireamh. Tá gealltanas ann, leis, maidir le spriocanna nua uaillmhianacha um bainistiú dramhaíola a leagadh síos, d'fhonn na leibhéil uasta a bhaint amach maidir le cosc, le hathúsáid, le hathchúrsáil agus le cóireáil dramhaíola chun féachaint chuige go mbímid bonn ar bonn leis an gcleachtas is fearr san AE ó thaobh na hathchúrsála de agus é mar sprioc againn nach mbeidh ach 10% nó níos lú fós den dramhaíl á chur isteach i líonadh talún. Ina theannta sin, tugtar gealltanas maidir leis an *Straitéis Náisiúnta um Dhramhaíl In-bhithmhillte* a chur i bhfeidhm, ina moltar dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar atreo ó líontaí talún ar na bealaí seo a leanas: cosc, scagadh ag foinse agus athchúrsáil ábhar trí chóireáil bhitheolaíoch. Tugadh gealltanas, chomh maith, maidir le córas bailithe dramhaíola guaisí teaghlaigh sna hionaid athchúrsála ar fad dá n-oireann. Féachtar sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, a chuimsíonn an *Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach*, le cabhrú le cuid mhór de na cuspóirí sin a bhaint amach.

Agus seo tá scríobh, tá tuarascáil na gcomhairleach don Athbhreithniú idirnáisiúnta beagnach críochnaithe. Moltar go hard obair NWPP go nuige seo sa dréacht-thuarascáil. Caithfear cinntí beartais a dhéanamh go gasta, chun cinnteacht a sholáthar don mhargadh. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas ag daoine infheistíocht iomchuí a dhéanamh maidir le dramhaíl a bhainistiú agus socruithe in am trátha.

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní, Tomhaltas agus Dramhaíl

Mar chuid dá clár cumarsáide, d'fhoilsigh an Chroífhoireann Coiscthe caibidil as Tuarascáil 2008 an EPA faoi Staid an Chomhshaoil faoin teideal "Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní, Tomhaltas agus Dramhaíl". Tá forbhreathnú straitéiseach geilleagrach sa chaibidil sin maidir le héifeachtacht úsáid acmhainní in Éirinn. Cuireadh an tráchtas sin i láthair ag Comhdháil EPA i Mí na Samhna 2008. Tá an léiriú le feiceáil mar fhíseán ar www.nwpp.ie.

Aithnítear san fhoilseachán seo go bhfuil slabhra shaolré na táirge nó na seirbhíse sin, idir éastóscadh, tháirgeadh, thomhaltas agus dramhaíl ar fad ag cur le hastuithe chuig agus le tionchar ar an gcomhshaol aiceanta (Léaráid 2). Bunaithe ar anailís saolré, ar na hearnálacha a imríonn an tionchar is mó ar an gcomhshaol acu tá soláthar fuinnimh agus uisce, iompar, mianadóireacht agus tógáil, chomh maith leis an talmhaíocht. Meastar tábhacht ar leith a bheith bainteach le tomhaltas teaghlaigh, toisc go mbíonn

milliúin custaiméirí in aghaidh an lae ag glacadh cinntí maidir le saghas agus méid na dtáirgí éagsúla agus na seirbhísí éagsúla a úsáidfidh siad. Imríonn caitheamh bia agus dí, tithíochta, taistil phearsanta agus gluaiseacht, chomh maith leis an turasóireacht, tionchar níos mó gach lá are an gcomhshaol. Tá gineadh dramhaíola agus caitheamh acmhainní i gcoitinne ar leibhéil neamh-inbhuanaithe in Éirinn faoi láthair, ó tháinig fás orthu bonn ar bhonn leis an bhfás ar an ngeilleagar agus ar an daonra. Go deimhin, tá anailís lorg coise éiceolaíocha EPA/STRIVE i ndiaidh a chruthú gur trí dhomhan a bheadh ag teastáil anois, dá gcaithfeadh gach duine sa domhan oiread acmhainní is a chaitheann duine amháin a chónaíonn in Éirinn faoi láthair, chun an tomhaltas reatha domhanda acmhainní a choimeád ag imeacht! Cé go meastar go mbeidh titim ar an tomhaltas agus ar mhéid na dramhaíola de dheasca an chúlaithe gheilleagraigh reatha, is gá an nasc idir athfhás, gineadh dramhaíola agus tionchar ar an gcomhshaol a bhriseadh.



Léaráid 2 – *An Geilleagar mar fhochuideachta den Timpeallacht Aiceanta*: Idirghníomhú idir domhan an Gheilleagair agus domhan an Chomhshaoil. Slabhra saolré ó Eastóscadh trí Tháirgeadh go Tomhaltas agus Dramhaíl (Foinse: EEA, 2007). N.B. Acmhainn fhíorluachmhar eile a sholáthraíonn an Dúlra is ea uisce glan, rud nach mór meas mór a bheith air agus é a chosaint trí Éifeachtacht Acmhainní a fheabhsú ar fud na sochaí.

Is fearr dramhaíl a chosc, seachas a bhainistiú, agus tá cosc ar bharr ordlathas dramhaíola an AE. Leanfaidh laghdú ar ghineadh dramhaíola, ar úsáid fuinnimh/uisce, ar thionchar iompair agus ar gach toradh eile comhshaoil síos agus suas srutha laghdú ar úsáid acmhainní. Is gnách go n-éiríonn le cosc trí éileamh i gcoitinne ar earraí agus ar sheirbhísí a laghdú, nó níos lú acmhainní agus ábhar a úsáid, nó, ar a laghad, acmhainní agus ábhair nach bhfuil chomh díobhálach sin a úsáid chun freastal ar riachtanais réasúnta daoine. Gné eile den chosc is ea féachaint le gearradh siar ar astuithe, ar shubstaintí díobhálacha i sruthanna ábhair agus ina scaipeadh agus feabhas a chur ar éifeachtacht acmhainní ar feadh na saolré a bhaineann le táirge nó le seirbhís (Figure 2). Ar an ábhar sin, cuirfear an fócas maidir le cosc ar íoslaghdú agus ar chóireáil dramhaíola.

Ní féidir nach nginfear níos mó dramhaíola amach anseo, toisc níos mó acmhainní a bheith in úsáid sa gheilleagar anois. Cuireann cuid de na hacmhainní a chaitear sa gheilleagar leis an soláthar buanábhar (tithe, bonneagar, srl.). Ach is dramhaíl is dán do gach ábhar a úsáidtear, beagnach, cuma an imeacht laethanta a dhéantar dramhaíl de (mar shampla, pacáistíocht bia), in imeacht dornán de bhlianta (mar shampla, fearas aibhléise) nó in imeacht blianta fada (mar shampla, athchóiriú foirgneamh, athfhorbairt gort donna) de thomhaltas.

Breathnaítear ar an gcosc a chleachtadh mar rud atá ina dhúshlán ar leith mar, ach oireadh le hAthrú Aeráide, is athruithe ar iompar daoine agus sochaí is gá anois, gan mórán de thairbhe phearsanta ag baint leo, seachas coigilt éigin costais, b'fhéidir. Is dúshlán leantach do lucht leasmhara uile na sochaí cláir chun cosc dramhaíola a chur i bhfeidhm, mar aon le freagracht táirgeora, beartas comhtháite táirgí agus tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe i ngeilleagar oscailte margaidh shaoir, ina bhfuil fás ag teacht ar an iomaíocht agus ar an domhandú.

Plean Coiscthe 2009-2012

Based on experience gained during implementation of the National Waste Prevention Programme since 2004, a new *Prevention Plan 2009 –2012* was published following consultation with stakeholders. This outline plan seeks to take account of the requirements of the new Waste Framework Directive as noted above. An excerpt from the plan is appended in which the Directive requirements are listed with a note on the corresponding aspect of the new prevention plan (see Appendix C). The plan is a flexible framework or statement of intent for the prevention programme, subject only to adequate resources being made available and to stakeholders being willing to engage positively with the prevention projects.

Bunaithe ar an taithí maidir le Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chur i bhfeidhm ó 2004 i leith, foilsíodh plean nua, mar atá, *Plean Coiscthe 2009 –2012* tar éis dul i gcomhairle le lucht leasmhara. Féachtar sa phlean imlíne seo leis na riachtanais faoin Treoir nua um Chreat Dramhaíola a ríomh, mar atá luaite thuas. Tá sliocht as an plan sin istigh leis seo, ina bhfuil liosta de riachtanais na Treorach le nóta maidir leis an ngné sin den phlean coiscthe a fhreagraíonn dóibh (féach Aguisín C). Is é atá sa phlean ná creat solúbtha nó léiriú intinne don chreat coiscthe, ach amháin dóthain acmhainní a bheith ar fáil chuige sin agus ucht leasmhara a bheith toilteanach páirt dhearfach a ghlacadh sna tionscadail a bhaineann le cosc.

Agus an clár á fhorbairt, rinneadh machnamh ar cad is cosc dramhaíola ann, mar shainmhíniú, agus glacadh leis an sainmhíniú seo a leanas:

Is mar seo a dhéantar Cosc Dramhaíola a shainmhíniú:

Díoscadh nó laghdú *ag foinse* na nithe seo a leanas:

- **Tomhaltas Ábhar, Uisce agus Fuinnimh**
- **Dramhaíl a eascraíonn (crua, lacht, gás agus teas)**
- **Substaintí Guaiseacha nó Díobhálacha**

Is é an dúshlán a bhaineann leis an gclár coiscthe anois ná tionscadail a chur i bhfeidhm chun na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil i measc an lucht leasmhara ar fad agus sna hearnálacha ar fad. Is é an cur chuige atá á ghlacadh anois ná eolas praiticiúil, treoir, samplaí de chás-staidéir agus uirlisí a oireann do gach duine den lucht leasmhara a sholáthar, ionas gur féidir leo féin cosc a chleachtadh. Rinneadh acmhainní substainteacha idirlín a fhorbairt do gach tionscadal, chun rochtain leanúnach a chur ar fáil do dhuine ar bith a bheadh ag iarraidh an t-eolas coiscthe atá ar fáil a úsáid (féach Aguisín D). Cuirtear coigiltí costais chun cinn i mórán cásanna mar phríomhspreagadh do dhaoine a bheith rannpháirteach sna tionscadal, ach luaitear buntáistí eile, ar a n-áirítear éifeacht, custaiméirí a choimeád agus inbhuanaithe.

Féachtar le *Plean Coiscthe 2009-2010* tógáil ar na nithe a baineadh amach maidir le réimse táirgí sna cúig bhliain tosaigh den chlár agus fos solúbthacht a bheith ann, chun réimsí nua a fhiosrú in éineacht le hathruithe ar bheartas dramhaíola mar a bhí á dtuar san Athbhreithniú idirnáisiúnta agus sa Treoir nua um Chreat Uisce, agus is féidir le buntáistí suntasacha teacht as ach imreoirí earnála a bheith sásta rannpháirtíocht a ghlacadh ann. Baineann luach ar leith le buntáistí an chláir maidir le dul i ngleic le cúinsí dúshlánacha geilleagracha agus cabhróidh sé le geilleagar níos glaise agus níos glice a fhorbairt.

Falla páipéir in Oifigí Chomhairle Contae Luimnigh mar léiriú ar úsáid cheart páipéir sula gcuirfear tionscadal um chosc dramhpháipéir a chur i bhfeidhm.

3. Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl: Tionscadail um Chosc

Seirbhís Phoiblí Ghlas: Clár Taispeántais (LAPD) agus Líonra na nÚdarás Áitiúla maidir leis an gCosc

Ceithre húdarás áitiúla a bhí rannpháirteach sa Chlár Taispeántais (LAPD) ó Iúil 2006 go dtí Meán Fómhair 2009. Bhí an LAPD dirithe ar a thaispeáint gurbh fhéidir le húdaráis áitiúla cláir agus tionscadail chomhtháite éifeachtacha áitiúla um chosc a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Soláthraíodh tacaíocht i bhfoirm saineolas teicniúil a chur ar fáil go díreach (ón Ionad na Teicneolaíochta Glaine in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí) agus deontais airgid. I gcásanna go leor, tugadh lucht foirne as údaráis áitiúla ar iasacht go sainiúil chun obair a dhéanamh ar thionscadail um chosc. Rinne sé sin cumas a fhorbairt laistigh de na húdaráis áitiúla, i slí is gurbh fhéidir lena lucht foirne cabhrú, dá chionn sin, le heagraíochtaí áitiúla (a gcuid féin san áireamh) chun dramhaíl a chosc. Cuireadh tionscadail um chosc ar siúl faoi chóras céimnithe iniúchta/athbhreithnithe/pleanála/gníomhaithe (féach: www.lapd.ie or www.ctc-cork.ie/lapd).

Bhí tionscadail ann a chuimsigh cosc i measc eagraíochtaí pobail, tráchtála agus gnó, mar shampla, ionaid siopadóireachta, aerfort réigiúnach, ospidéil, foirgníocht, feirmeacha, ollscoil, eagraíochtaí poiblí, tithe tábhairne agus scoileanna. I measc na dtionscadal atá fós ar siúl, tá tionscnaimh um chosc i lár baile, ag trí áis linn snámha poiblí, foirgnimh phoiblí, oileán mara, ionad mór miondíola, ceithre fheirm agus campas ollscoile.

Eascraíonn cás-staidéir maidir le dea-chleachtas agus sonraí/tuiscint um chosc as gach tionscadal, atá le scaipeadh agus le cur i bhfeidhm ar fud na tíre. I gcásanna go leor, is mar threoir fhoilsithe é maidir le conas is féidir le heagraíochtaí éagsúla cosc a chur i bhfeidhm iad féin. Tionóladh Ollchruinnithe Réigiúnacha agus Comhdháil Náisiúnta LAPD ina raibh na rannpháirtithe ar fad i gclár LAPD páirteach chun a gcuid foghlama agus taithí maidir le tionscadail um chosc a chur i bhfeidhm a roinnt.

Tá treoir maidir leis an gcleachtas is fearr um chosc dramhaíola agus éifeachtach acmhainní ag linnte snámha/ionaid fóillíochta á forbairt i láthair na huaire.

Samplaí den aschur as roinnt LAPD agus na nithe a cuireadh i gcrích leo:

- Meáchain 1,000 tonna dramhaíola arna chosc nó arna chur ar atreo;
- Laghdú 29,000 m^3 ar thomhaltas uisce in aghaidh na bliana;
- Coigilt fuinnimh 13,500,000 kWh in aghaidh na bliana;
- Coigilt dhíreach costais €710,000;
- 1,100 duine arna n-oiliúint (26 díobh tar éis Cúrsa Creidiúnaithe um Chosc Dramhaíola le HETAC a chríochnú);
- Baint ag 85 áitreabh éagsúla le cosc;
- 27 ball údarás éagsúla áitiúla rannpháirteach i dtionscadail ar feadh tamaill;
- Tá 8 fostaí lánaimseartha agus 5 fostaí páirtaimseartha ag obair ar chosc faoi láthair sna réigiúin;
- Foilsíodh treoir um chosc *Feirmeoireacht Comhshaoil*;
- Seoladh *r-Threoracha um Chosc Dramhaíola* ar www.managewaste.ie;
- Foilsíodh treoir um chosc do lucht tábhairní *Glao ar dhúnadh um Chosc*;
- Tá treoracha maidir le dea-chleachtas um chosc á bhforbairt i láthair na huaire le haghaidh ionaid siopadóireachta, aerfort réigiúnacha agus ionaid snámha/fóillíochta, lena scaipeadh níos forleithne.

Ceiliúradh dámhachtainí ar siúl ag rannpháirtithe údaráis áitiúil agus a lucht eagraithe.

Chun na nithe a baineadh amach faoin gclár taispeántais a dhaingniú, fuair na húdaráis áitiúla ar fad cuireadh i 2008 iarratais a chur isteach ar mhaoiniú faoi chlár a lean é faoin teideal an Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla. Glacadh le hocht gcinn de na hiarratais, ar son 13 údarás éagsúla áitiúla. Chuimsigh sé sin an chuid is mó de na húdaráis áitiúla a bhí páirteach ann ó thús agus roinnt iontrálaithe eile chun na scéime. Tá teacht ag údarás áitiúil ar bith sa tír ar aschuir agus ollchruinnithe áit ar bith sa tír, chun gur féidir leo iad a úsáid chun gnéithe coiscthe a bPleananna Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola a chur i bhfeidhm. Tá dara Comhdháil Náisiúnta LAPD ar an sceideal do Mhí na Samhna 2010, ag eascairt as na cás-staidéir um chosc agus as a bhfuil bainte amach go nuige seo faoin gclár.

Tionscnamh um Ghnó Glas

Tionscadal is ea Gnó Glas atá dírithe go díreach ar ligint do lucht gnó ar bith (nó eagraíocht ar bith, go deimhin) éifeacht na húsáide a bhaineann siad féin as acmhainní a mheasúnú, go háirithe maidir le dramhaíl agus le huisce (féach www.greenbusiness.ie). Táthar tar éis uirlisí iniúchta/measúnaithe idirlín a fhorbairt agus a phíolótú go sásúil chun gur féidir leo an obair sin a dhéanamh faoi rún dóibh féin amach anseo. Ina theannta sin, tugtar leideanna agus cás-staidéir maidir le conas airgead a choigilt trí úsáid acmhainní a laghdú ar leathanaigh idirlín an ghnó ghlais. Tá cabhair ar líne agus trí ghuthán ar fáil chuige sin, do dhuine ar bith óna dteastódh tacaíocht chun na huirlisí a ionramháil. Soláthraítear naisc dhíreacha idir an suíomh agus na huirlisí comhlánacha measúnaithe maidir le héifeachtacht in úsáid fuinnimh atá ar fáil ón eagraíocht Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (féach an MAPA Fuinnimh ar t www.sei.ie).

Tá fáil saor in aisce ar bhonn leanúnach ar na huirlisí gnó ghlais do ghnó nó eagras ar bith in Éirinn atá ag iarraidh coigiltí a dhéanamh go deonach trína éifeachtacht acmhainní féin a fheabhsú. Tá measúnuithe ar éifeachtacht acmhainní ar an láthair (REAanna) ar fáil saor in aisce agus faoi rún i gcomhair áiseanna oiriúnacha in Éireann. Déantar tuarascáil i scríbhinn a sholáthar le mionchuntas ar dheiseanna um choigilt costais agus plean chun dramhaíl/úsáid acmhainní a laghdú. Tá clár gníomhach margaíochta agus for-rochtana á chur i bhfeidhm chun oiread gnólachtaí agus is féidir a earcú chun cabhrú leo dramhaíl a chosc agus airgead a choigilt. Mar is iomchuí, tá cás-staidéir as Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise an EPA agus as foinsí eile á gcur chun cinn go gníomhach i measc gnólachtaí ábhartha agus eagraíochtaí ábhartha (féach www.cleanerproduction.ie
In the first ten months of operation:
Sna deich míonna tosaigh i mbun oibríochta:

- Rinneadh suíomh idirlín Gnó Glas a thógáil ó bhonn le branda láidir úrnua;
- Tá breis agus 230 comhlacht i ndiaidh a gcláraithe leis an suíomh idirlín agus úsáideann lear mór daoine na huirlisí iniúchta dramhaíola agus dramhaíola go rialta;
- Cuireadh 7,599 cuairt ar shuíomh idirlín www.greenbusiness.ie, 5,088 cuairteoir uathúil ina measc;
- Tugann cuardaigh idirlín Google tús áite i gcónaí do www.greenbusiness.ie ar iontráil na dtéarmaí “dramhaíl a laghdú”, “coigilt uisce” nó “coigilt fuinnimh”;

- Ina theannta sin, tá lear mór suíomhanna eile gnó ar an idirlíon tar éis a dtrasnasctha le www.greenbusiness.ie, rud a spreagann a thuilleadh tráchta fós chun an tsuímh;
- Tá níos mó ná ocht gcinn déag de Mheasúnuithe mionsonraithe Éifeachtach Acmhainní ar an láthair arna gcomhlánú agus an líon céanna á mbeartú don chéad tréimhse eile;
- Earcaíodh ocht ngnó déag i gcomhthionscadal le tionscnamh "€collective" Chumann Tráchtála Phort Láirge;
- Táthar tar éis IBEC, SFA, ISME, srl., a spreagadh chun mionsonraí an chláir a dháileadh ar a mbaill agus é a chur chun cinn ina measc;
- Rinneadh réimse leathan léirithe a sheachadadh do lucht éiste ar fud na tíre, chun an tionscnamh a chur chun cinn.

Ceiliúradh ar sheoladh r-Threoracha maidir le cosc dramhaíola ag Foireann Coiscthe LAPD Luimnigh/an Chláir/Chiarraí

Sa chéad tréimhse eile, leasófar a thuilleadh na leathanaigh idirlín agus na huirlisí a bhaineann le Gnó Glas, bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí. Cuimseoidh sé sin áis chun leas míosúil a bhaint as na huirlisí mar uirlis gníomhach bainistíochta, seachas iallach a bheith ar dhaoine luacha bliana a bhailiú, sula gcuirfear isteach iad. Cuirfear feachtas leanúnach ar bun chun teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí nua agus iad a earcú. Úsáidfidh rannpháirtithe LAPN na huirlisí ar an suíomh a bhaineann le Gnó Glas ina gcuid oibre in éineacht lena ngnólachtaí áitiúla. Déanfar na huirlisí sin a imscaradh, chomh maith, mar chuid den obair maidir le cosc a bhfuiltear chun tús a chur léi anois, in éineacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le hearnáil pharmachem (féach cur síos níos sia anonn sa tuarascáil seo).

Moltar i ndoiciméad beartais an Rialtais, *Athrú a Sheachadadh 2002,* go dtabharfaí sraith iniúchtaí *éigeantacha* dramhaíola isteach i gcomhair eagraíochtaí, cláir laghdaithe dramhaíola san áireamh. Is é an smaoineamh atá laistiar de na huirlisí féin-iniúchta um Ghnó Glas ná an cuspóir beartais sin a chur i ngníomh go deonach ar an gcéad dul síos agus seirbhísí láidre tacaíochta ann mar chabhair chuige sin. Táthar ag súil, áfach, go gcomhoibreoidh go leor earnálacha éagsúla go deonach leis na tionscnaimh coiscthe, ionas nár ghá ceangail éigeantacha reachtúla a thabhairt

isteach. Déanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe monatóireacht ghéar ar an gcuspóir beartais sin agus cuirfidh moltaí ar fáil de réir mar a oirfidh. Tá iniúchadh mar chuid thábhachtach den phróiseas a bhaineann leis na Dámhachtainí um Fháilteachas Glas (féach thíos). Tá oibleagáid reachtúil ann cheana féin ar oibreoirí arna gclúdach ag na Rialacháin um Péinteanna Maisiúcháin agus Tuaslagóirí iniúchadh neamhspleách ag Conraitheoirí Imscrúdaithe Creidiúnaithe (AICeanna) a dhéanamh orthu faoi riachtanais EPA. Tá scéim den saghas céanna á beartú anois maidir leis an earnáil garáistí, ag eascairt as moltaí sa *Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach* (féach cur síos níos sia anonn sa tuarascáil seo).

Dámhachtainí um Fháilteachas Glas

Bunaíodh scéim Dámhachtainí um Fháilteachas Glas ar obair a rinne EPA/ERTDI sa tionscadal Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise faoin teideal "Óstáin Éireannacha Níos Glaise" agus na "Dámhachtainí um Fháilte Ghlas" le Comhairlí Contae Luimnigh/an Chláir/Chiarraí. Rinneadh athbhrandú iomlán chun an scéim a athlonnú do lucht leasmhara. Cuirtear iniúchtaí, ceardlanna agus oiliúint ar fáil do gach óstán rannpháirteach, mar aon le treoir agus critéir um bronnadh dámhachtainí, chun cabhrú leis an óstán clár coiscthe dá chuid féin a fhorbairt agus é ag ullmhú do leibhéil éagsúla dámhachtainí. Is í an Dámhachtain Chré-Umha an chéad chéim acu sin, agus tá céimeanna suas uaithi sin go dtí leibhéal airgid, óir agus platanaim – tá an leibhéal platanaim gar go maith le leibhéal fheidhmíocht comhshaoil Bláth an EU. Tá na dámhachtainí bunaithe ar iniúchtaí neamhspleácha agus déantar searmanas bronnta a reáchtáil do gnólachtaí a n-éiríonn leo. Anuas air sin, déanann iniúchóirí creidiúnaithe Chreidiúnú Eorpaigh maoirseacht ar an bpróiseas bronnta i gcoitinne. Tá aitheantas iomlán tugtha don tionscadal sin anois ag Fáilte Ireland, ag Institiúid Fáilteachais na hÉireann agus ag Cónaidhm Óstáin na hÉireann.

Ceilliúradh ar na Dámhachtainí um Fháilteachas Glass ag searmanas i mBaile Átha Cliath

Nithe a baineadh amach sna hocht mí dhéag tosaigh dá bheith ag obair go náisiúnta:

- Tá Dámhachtain um Fháilteachas Glas ag 81 óstán anois, rud a chuimsíonn 11 Dámhachtain Óir, 40 Dámhachtain Airgid agus 30 Dámhachtain Chré-Umha.

Bronnadh na dámhachtainí sin ag searmanais mhórthaibhseacha réigiúnacha agus náisiúnta;

- Is ionann í sin agus 8.4% de na hóstáin ar fad in Éirinn, an líon is mó do dhámhachtain dá sórt san AE;
- Rinneadh suíomh nua cuimsitheach idirlín a fhorbairt ag www.ghaward.ie, ina bhfuil rannóg ball agus tugadh 648 cuairt ar an suíomh i Meitheamh/Iúil 2009 amháin;
- Soláthraítear ar an suíomh idirlín sin rochtain leanúnach ar fhaisnéis maidir le conas is féidir le hóstán nó le hoibríocht lónadóireachta ar bith dramhaíl a chosc agus airgead a choigilt;
- Foilsítear nuachtlitir gach mí chun an scéim a phoibliú;
- Cuireadh 129 athbhreithniú comhshaoil i gcrích;
- Reáchtáladh 32 ceardlann réigiúnach, ina raibh 212 duine i láthair;
- Reáchtáladh trí sheimineár réigiúnacha seolta agus an chéad searmanas do na Dámhachtainí Náisiúnta um Fháilteachas Glas, le haird mhór sna meáin;
- Tá níos mó 140 áitreabh ina mbaill anois, ar a n-áirítear cuid de na háitribh is mó agus is mó le rá in earnáil an fháilteachais;
- Tá treoir um chosc ar dhramhaíl bia á forbairt;
- Tá baill á n-earcú anois i measc eagraíochtaí móra lónadóireachta agus na critéir iniúchta á gcoigeartú anois de réir éicea-lipéad bialanna na hOstaire;
- Ina theannta sin, tá urraíocht á déanamh ag EPA NWPP ar an dámhachtain tosaigh do Bhainisteoir Comhshaoil 2009 trí Institiúid Fáilteachais na hÉireann.

Tá ísliú déanta ar na tagarmharcanna is gá maidir le dramhaíl i líonadh talún (Kg/thar oíche), le huisce (l/thar oíche) agus le fuinneamh (kWh/sa bhliain/méadar cearnach) i dtreo na gcaighdeán idirnáisiúnta i gcónard le 2004, rud a chuireann le dúshlán aicmí na ndámhachtainí. De bhun suirbhé par líon beag (100) áitreabh a bhí páirteach sa scéim, is féidir na coigiltí aithriseacha coimeádacha bliantúla thíos a mheas:

- Laghdú 4,000 tonna ar an dramhaíl isteach i líonadh talún;
- Laghdú 285,714 m^3 ar an tomhaltas uisce;
- Coigilt fuinnimh 18,750,000 kWh;
- Laghdú 4,067 tonna ar astuithe CO_2;
- Coigiltí díreacha €3,000,000 ar chostas acmhainní maidir le seirbhísí dramhaíola, uisce agus fuinnimh.

Tá leas á bhaint as na samplaí thuas agus as cás-staidéir go leor eile chun an teachtaireacht a chraobhscaoileadh go bhfuil brabach le baint as cosc dramhaíola in earnáil na n-óstán agus na lónadóireachta. Is iondúil go mbaineann coigiltí sa réimse €5,000 go €100,000 le hóstán aonair, ach úsáid na seirbhísí dramhaíola, uisce nó fuinnimh a laghdú. Is follas go gcabhróidh cosc dramhaíola ní hamháin le hiomaíocht i dtionscal an fháilteachais, ach le tuairimí cuairteoirí maidir le hinbhuanacht tháirge na turasóireachta in Éirinn. Tá feabhas á chur ag Fáilte Éireann ar a suíomh idirlín www.discoverireland.ie chun scagaire “glas” a chur isteach trína leagfar béim ar shealbhóirí Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus Bláth AE amháin, mar ionaid ina bhfuil cóiríocht níos inbhuanaithe á tairiscint.

Clár um Chosc Dramhaíola Pacáistíochta

Cuimsíonn an Treoir um Pacáistiú agus na rialacháin a ghabhann léi cuspóirí maidir le pacáistíocht agus dramhaíl pacáistíochta a laghdú. Tá ceangal ar tháirgeoirí na critéir maidir leis na Riachtanais Bhunúsacha a shásamh, rud a chuimsíonn íoslaghdú na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta ar fud na tíre maidir le bailiú scagtha na dramhaíola pacáistíochta i gcomhair a hathchúrsála (63.3% i 2007), is gá fós méid na pacáistíochta féin a bhíonn á gineadh a laghdú. Cheana féin, tá claonadh ag comhlachtaí "éadromú" a dhéanamh nó gearradh siar ar mhéid an ábhair a úsáideann siad mar phacáistíocht, d'fhonn gearradh siar ar chostas iompair agus eile. Tá ag méadú ar an riachtanas a bhaineann le lucht glactha cinntí margaíochta/slabhra soláthair, áfach, a chaithfidh gníomhú i leith na dtionchar a imríonn a gcuid roghanna deartha pacáistíochta ar an gcomhshaol. Ina theannta sin, caithfidh tomhaltóirí gníomhú chun níos lú pacáistíochta a éileamh agus pacáistíocht níos fusa le hathchúrsáil. Tá méid na pacáistíochta a eascraíonn go náisiúnta ag freagairt don idirghníomhaíocht chasta dhinimiciúil, idir chúrsaí déimeagrafaice, áisiúlacht, nós maireachtála nua-aimseartha, fhás geilleagrach, iomaíocht, dhomhandú, fhorbairtí táirgí/teicneolaíochta agus éilimh i slabhra an tsoláthair..

Tá Clár um Chosc Dramhaíola Pacáistíochta á maoiniú i gcomhar ag NWPP agus Repak Teo., atá chun tosaigh maidir leis na tionscadail a chur i bhfeidhm. Tá ionchur teicniúil agus straitéiseach á sholáthar ag grúpa stiúrtha ar a bhfuil ionadaithe a bhain le Repak, EPA, Fiontraíocht Éireann, Musgraves Teo. agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Is é cuspóir an chláir ná cabhair phraiticiúil a sholáthar do ghnólachtaí na hÉireann chun méid na pacáistíochta a chuireann siad ar an margadh a laghdú. Is gá, chomh maith, labhairt le pobal níos leithne maidir leis an ról a imríonn pacáistíocht sa tsochaí agus na bealaí inar féidir le daoine cabhrú lena laghdú, mar thomhaltóirí.

Ó i 2007 i leith, tá tionscadail coiscthe na dramhaíola pacáistíochta tar éis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Suíomh nua cuimsitheach idirlín ag www.preventandsave.ie agus fáil air de shíor ag eagraíocht ar bith ar mian léi a pacáistíocht a laghdú;
- In ocht mí tosaigh 2009, tugadh 1,762 cuairt ar an suíomh idirlín, 1,347 cuairteoir uathúil ina measc;
- Cuireadh cás-staidéir agus faisnéis faoi Riachtanais Bhunúsacha Pacáistíochta i gcló, chomh maith lena bhfoilsiú ar an suíomh idirlín;
- Forbraíodh uirlisí ar líne maidir le Féin-Iniúchadh um Riachtanais Bhunúsacha Pacáistíochta agus Barrfheabhsú Pacáistíochta (idir bhunleibhéal, dara leibhéal agus tríú leibhéal);
- Tá Repak Teo. tar éis beirt Teicneolaithe Pacáistithe a cheapadh chun comhairle a sholáthar do ghnólachtaí maidir le pacáistíocht inbhuanaithe – agus glaonna ag teacht isteach gach lá;

- Cuireadh níos mó ná 40 measúnú saindírithe ar an láthair i gcrích do ghnólachtaí oiriúnacha atá ag iarraidh a gcuid pacáistíochta a laghdú agus tá cuid mhór de na moltaí a eascraíonn astu siúd curtha i bhfeidhm;
- Tús le hoiliúint chreidiúnaithe um chosc pacáistíochta agus clár píolótach ina raibh 20 duine rannpháirteach (bronnadh 11 teastas). Tá fáil go forleathan ar an gcúrsa oiliúna anois tri FÁS, a chuirfear ar siúl an athuair i bhfómhar 2009;
- Reáchtáladh léirithe maidir le cosc pacáistíochta ag réimse leathan imeachtaí gnó i gcoda éagsúla den tír (agus lucht éiste measta 600 duine á rochtain acu);
- Foilsíodh staidéar ar shlabhra an tsoláthair maidir le táirgí roghnaithe ar díol in Éirinn, inar leagadh méar ar cén fáth gur glacadh cinntí a bhain le dearadh pacáistíochta (agus cén gníomhaí geilleagrach a ghlac iad);
- Foilsíodh nuachtlitir ó uair go chéile inar leagadh béim ar nithe a baineadh amach maidir le cosc pacáistíochta agus úsáidtear go minic í chun an tionscnamh a chur chun cinn i measc gnólachtaí;
- Rinne NWPP urraíocht ar Dhámhachtainí Repak i 2008 agus i 2009, dirithe ar éachta a bhain le cosc pacáistíochta;
- Reáchtáladh seimineár pacáistíochta i 2008 i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, leis an Institiúid Mhargaíochta agus le Cumann na nGnólachtaí Dhearadh Grafach;
- Soláthraítear tacaíocht mar thaca leis an idirbheartaíocht atá ar siúl anois chun comhaontú earnála a fhorbairt le miondíoltóirí maidir le cosc pacáistíochta.

Is féidir go ndéanfaí tionscadail eile um chosc pacáistíochta a fhorbairt, de réir mar a bheidh méadú ag teacht ar an taithí agus de réir mar a thiocfaidh ann do dheiseanna oiriúnacha. Tá an clár ina chuid dhílis den straitéis atá á leanúint ag an nGrúpa Straitéiseach Náisiúnta d'Athchúrsáil Dramhaíola Pacáistíochta.

An eagraíocht Glenisk Dairies ag glacadh lena nDámhachtain Repak, arna n-urrú ag an EPA ,ó lámha an Aire John Gormley

Seirbhís Phoiblí Ghlas: Tionscadal Glas um Chúram Sláinte

Tá mórthionscadal coiscthe dramhaíola arna chomhaontú le lucht bainistíochta sinseartha i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte . Bunaithe ar thaithí maidir le tionscadal eile NWPP, cruthaíodh meitheal de phearsanra bhfuil taithí mhór acu ar na tionscadail a bhaineann le Gnó Glas, le LAPD agus le Fáilteachas Glas, chun dul ag obair go díreach le lucht bainistíochta FSS. Soláthróidh sé sin deis na huirlisí agus na teicneolachtaí a forbraíodh le linn na dtionscadal éagsúla a thabhairt le chéile. Is soiléir ón taithí as obair LAPD le trí ospidéal i Muineachán agus as tionscadal Níos Glaine, Níos Glaise 2004 EPA/ERTDI le Príomhospidéal Shligigh go bhfuil coigiltí suntasacha le déanamh san earnáil chúram sláinte.

Seo a leanas na coigiltí bliantúla a d'aimsigh Príomhospidéal Shligigh, mar choigiltí dob fhéidir a dhéanamh ar a láithreán féin amháin:

- 57 tonna de dhramhaíl agus 6 tonna de dhramhaíl chliniciúil;
- 11,350 m^3 de thomhaltas uisce consumption 11,350 m^3;
- 218,267 kWhr de chumhacht aibhléise;
- 40,300 lítear d'ola téite.

Agus 52 ospidéal faoi chúram bainistíochta FSS agus lear mór eile san earnáil phríobháideach, is léir go bhfuil slí ann do choigiltí móra náisiúnta. Mar thús, tá Ospidéal Ollscoil Chorcaí á scrúdú, áit a bhfuil obair shuntasach déanta cheana féin ó thaobh suirbhéanna fuinnimh agus uisce de. Meastar go bhfuil sé i gcumas na hearnála sin méideanna móra dramhaíola guaisí agus dramhaíola bia a chosc agus a chur ar atreo. Cuirfear faisnéis maidir le dul chun cinn an tionscadail sin ar www.greenhealthcare.ie ó uair go chéile.

Clár um Theaghlaigh Ghlasa

Ó 2007 i leith, tá cúnamh deontais á chur ar fáil do lucht An Taisce chun an clár um Theaghlaigh Ghlasa a chur i bhfeidhm faoin Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Leagtar béim mhór sa chlár sin ar ghníomh, ina gcuirtear cosc dramhaíola agus maireachtáil inbhuanaithe chun cinn i dteaghlaigh na leanaí scoile i gcomhar le tionscnamh cáiliúil sin Scoileanna Glasa An Taisce agus sa phobal níos leithne, chomh maith. Is tionscadal ceannródaíochta é sin laistigh den ghluaiseacht idirnáisiúnta maidir le Scoileanna Glasa nó Éiceascoileanna. Cuimsíonn an clár leideanna praiticiúla maidir le hiompar daoine chun cosc a chur ar dhramhaíl, dramhaíl an teaghlaigh a mhúiríniú, uisce agus fuinneamh a chaomhnú, chomh maith le nósanna inbhuanaithe maidir le córais iompair.

Ceiliúradh ar bhronnadh na nDámhachtainí Teaghlach Glasa ar Ghrúpaí Pobail i Ros Comáin.

Baineadh na nithe seo a leanas amach faoi Chlár na dTeaghlach Glasa:

- Suíomh cuimsitheach idirlín ag www.greenhome.ie agus fáil air de shíor ag duine ar bith ar mian leis/léi dramhaíl a chosc agus airgead a choigilt i saol a dteaghlaigh féin;
- Tugadh os cionn 17,881 cuairt ar an suíomh idirlín sin, ar ráta 840 in aghaidh na míosa, agus tá 2,234 síntiúsóir cláraithe aige;
- Earcaíodh chun an chláir i 2008 thart faoi 6,000 teaghlach breise bainteach le 35 scoil i 13 ceantar éagsúil áitiúil. Cuirtear leis sin na 2,488 teaghlach bainteach le 17 scoil a bhí rannpháirteach ann roimhe sin;
- Foilsítear agus nuashonraítear go rialta ábhar coiscthe dramhaíola, mar shampla, féilirí bliantúla, pacáistí gnímh, lámhleabhar urra tí agus lámhleabhar/ pleananna ceachtanna do mhúinteoirí;

- Déantar suirbhéanna iompar comhshaoil Teaghlach Glasa roimh gach céim den chlár agus ina dhiaidh, ina léirítear athraithe suntasacha ar iompar daoine (2,357 arna gcomhlánú go dtí seo);
- Tionóladh 32 cruinniú scoile, 12 ócáid amach sa tráthnóna agus 3 léiriú dírithe ar chúrsaí gnó;
- Reáchtáladh dhá sheimineár náisiúnta chun múinteoirí agus Oifigigh um Fheastacht Comhshaoil a oiliúint;
- Cuireadh léirithe i láthair 50 grúpa pobail in áiteanna éagsúla, Cill Mhantáin, Corcaigh agus Ros Comáin ina measc.;
- Bronnadh Dámhachtainí Teaghlach Glasa ar 8 Grúpa Pobail i Ros Comáin ag searmanas ar ar fhreastail níos mó ná 100 duine;
- Tugadh fógraíocht don chlár ar chlár teilifíse Eco-eye, ar stáisiúin áitiúla raidió, sna nuachtáin agus ag Top Ideal Homes Eco-Expo 2008;
- Leathnaíodh naisc sa phobal chun Líonra na mBailte Slachtmhara, an Glantachán Náisiúnta Earraigh, an Cósta Glas agus rannpháirtithe LAPD/N a thabhairt isteach;
- Tionóladh Comhdháil Náisiúnta Pobal Glasa i bhFarmleigh i 2009.

Cuireann Clár na dTeaghlach Glasa le cumas daoine maidir le dramhaíl a chosc ar leibhéal an teaghlaigh, na scoile agus an phobail, a thacaíonn le hathrú dearfach ar iompar daoine san ionad oibre agus mar thomhaltóirí glasa. Ba cheart, dá réir sin, go dtacóidh sé sin le gnólachtaí atá i mbun a ngníomhaíochtaí agus a dtáirgí a ghlasú.

John Gormley, Aire Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil ag searmanas na Dhámhachtainí na dTeaghlach Glasa i mBaile Átha Cliath.

An Straitéis Náisiúnta maidir le Dramhaíl In-bhithmhillte

Foilsíodh an straitéis thábhachtach Rialtais sin i 2006, ina moltar spriocanna náisiúnta coiscthe maidir le Dramhaíl In-bhithmhillte Cathrach (méadú 3% go 6% de laghdú air in aghaidh na bliana). Is gnó práinneach do Éirinn anois dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar atreo agus spriocanna dochta maidir le hatreo faoin Treoir AE um Líonadh Talún le baint amach faoi 2010 agus ina dhiaidh sin. Tuairiscíodh sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl (féach thíos) gur gineadh beagnach 2.32 milliún tonna de dhramhaíl in-bhithmhillte (BMW) i 2007 (méadu 1.25% thar 2006) agus, cé gur aisghabháladh 36.4 faoin gcéad di, cuireadh 1.475 milliún tonna di isteach i líonadh talún. Ó 2010 amach, ní bheidh cead ag Éirinn ach 0.967 milliún tonna BMW a chur isteach i líonadh talún, chun a spriocanna faoin Treoir um Líonadh Talún a bhaint amach. Caithfear na spriocanna sin a bhaint amach chun nach ngearrfar fíneálacha costasacha AE orainn in am anróiteach náisiúnta geilleagrach. Moltar sa straitéis sin go ndéanfadh an Chroífhoireann Coiscthe clár a fhorbairt chun díriú go sainiúil ar chosc na dramhaíola in-bhithmhillte.

All of the relevant NWPP projects are adapted specifically to take cognisance of the Rinneadh na tionscadail NWPP ar fad a choigeartú go sainiúil chun aird a thabhairt ar straitéis na dramhaíola in-bhithmhillte:

- Tá na riachtanais maidir le faisnéis a bhaineann le táscairí rianaithe do chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta arna gcomhtháthú isteach sna próisis chun sonraí a bhailiú agus Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl á dtiomsú;
- Cuirtear staidéir faoi aicmí dramhaíola ar siúl de réir mar a theastaíonn, chun na heilimintí in-bhithmhillte a eascraíonn astu ná a chuirtear chuig líonadh talún a aithint;
- Cuireadh ionchur mór agus tacaíocht mhór ar fáil don tionscadal EPA Treoir um Réamhchóiriú do Líonadh Talún, ina ndírítear ar fhorfheidhmiú maidir le cur ar atreo na dramhaíola in-bhithmhillte ó líontaí ceadúnaithe talún a fhorfheidhmiú;
- Déanfar méideanna móra de dhramhaíl in-bhithmhillte a chosc nó a chur ar atreo ó líonadh talún le linn clár na nDámhachtainí um Fháilteachas Glas a chur i bhfeidhm;
- Tá treoir um chosc dramhaíola bia á forbairt i gcomhair earnáil an fháilteachais/na lónadóireachta, ag eascairt as an tionscadal GHA;
- Ba chóir go ndéanfaí lear mór den dramhaíl in-bhithmhillte a chosc nó a chur ar atreo, toisc tionscadail coiscthe a bheith á leathnú go dtí na hearnálacha móra ina bhfuil lónadóireacht, bialanna agus cúram sláinte (FSS san áireamh);
- Cuirtear béim in uirlisí iniúchta Greenbusiness.ie ar chosc na dramhaíola in-bhithmhillte;
- Cuireadh tús i 2009 le tionscadal um Múiríniú Baile, ina ndírítear ar acmhainní chun múiríniú baile a chur chun cinn a fhorbairt i gcomhair na n-údarás áitiúla;
- Cuid dhílis den chlár um Theaghlaigh Ghlasa (agus den chlár um Scoileanna Glasa) is ea é an múiríniú baile a chur chun cinn;

- Tá tionscadal um Dramhaíl Bia a Chosc á fhorbairt i 2009, do na húdaráis áitiúla agus don chlár um Theaghlaigh Ghlasa, chun cabhrú le daoine airgead a choigilt trí cur amú bia ina dteaghlaigh féin a sheachaint;
- Faoi Chlár LAPD Programme, tugtar tús áite do thionscadail maidir le dramhaíl in-bhithmhillte a chosc, mar shampla, an treoir nua do thábhairneoirí, *Glao ar dhúnadh um Chosc*, ina dtugtar leideanna maidir le dramhaíl bia a chosc;
- Tá ionchur leanúnach á sholáthar i gcomhair iarrachtaí an Ghrúpa Forbartha Margaidh chun margaí a fhorbairt do mhúiríniú, agus i gcomhair Cré, grúpa na hearnála tráchtála a chuireann cóireáil bhitheolaíoch chun cinn.

Ní féidir leis na moltaí sna straitéis maidir le cosc agus le híoslaghdú oibriú i bhfolús, áfach. Tá sé ag éirí níos práinní anois gnéithe eile den straitéis a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn sé sin úsáid fhairsing bailiúchán scagtha BMW agus cumas maidir le dramhaíl teaghlaigh/thráchtáil a mhúiríniú/chóireáil, chomh maith le margaí inbhuanaithe do na táirgí a eascraíonn astu. Agus seo á scríobh, táthar ag súil le rialacháin ina mbeidh ceangal maidir le bailiú scagtha dhramhaíl bia tráchtála.

Tá an tuarascáil um beartas don Athbhreithniú idirnáisiúnta beagnach réidh anois agus ba cheart athruithe sa bheartas dramhaíola a dhíriú ar fhadhbanna dramhaíola in-bhithmhillte a réiteach. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an EPA ar na ceadúnais ar fad a eisíodh maidir le líonadh talún, ina gcuirtear srian le méid na dramhaíola in-bhithmhillte atá ceadaithe, de réir na spriocanna sa Treoir um Líonadh Talún. Ba chóir go dtabharfadh na hiarrachtaí thuas ar fad Éire bealach maith ar aghaidh chun a cuid spriocanna chun dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar atreo ó líonadh talún a bhaint amach.

An chéad láithreán léirithe do mhúiríniú baile, arna tógáil ag múiríneoirí deonacha i gCo. Ros Comáin, atá ina máistrí ar an obair sin.

Acmhainní Uisce agus Fuinnimh a Chaomhnú

Eascraíonn caint ar chaomhnú uisce agus fuinnimh i gcónaí áit ar bith a mbítear ag smaoineamh ar chosc dramhaíola. Coda dílse den teachtaireacht coiscthe is ea na trí hacmhainní aiceanta sin, ar aon nós. Go deimhin, ach iad a ghlacadh in éineacht, is ionann iad agus croí na héifeachta acmhainní, atá mar chomhpháirt thábhachtach sa ghluaiseacht go dtí Tomhaltas agus Táirgí níos Inbhuanaithe. Is gá na trí ní sin a nascadh le chéile gach áit a mbíonn beartais á nglacadh chun cur leis an bhfeasacht i leith an chomhshaoil. Tá coigilt fuinnimh go mór i mbéal daoine anois agus imní á léiriú ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda maidir le slándáil/costais fuinnimh, le hastuithe carbóin agus le hathrú aeráide.

Acmhainn luachmhar aiceanta is ea an t-uisce agus ba cheart é a úsáid go stuama. Ba cheart é a chaomhnú ar go leor cúiseanna, ina measc, costais sochaí, bithéagsúlacht, athrú aeráide agus, cibé ar bith eile, méid na gceimicí/an fhuinnimh a theastaíonn chun uisce sábháilte óil a bhailiú, a chóireáil, a stóráil agus a sheachadadh. Tá ag méadú ar an bpráinn a bhaineann leis na cúrsaí sin a phlé ar leibhéal an AE, áit a bhfuil “Ordlathas Uisce” á mholadh ina bhfuil laghdú ar úsáid uisce mar an rogha is fearr agus gan smaoineamh ar sholáthairtí nua uisce a thabhairt isteach ach mar rogha deiridh. Meastar go bhfuil an soláthar uisce i gCeantar Átha Cliath chomh mór sin i mbaol go bhfuil ganntanas uisce á thuar faoi 2016.

Tá iarrachtaí suntasacha ar siúl ar fud na tíre ar fad cheana féin, chun cailliúintí uisce óil i líonraí a sheachadta a aithint agus a laghdú, tar éis Suirbhé Náisiúnta Uisce a chur i gcrích (43% den uisce ina Uisce Gan Tásc ar an meán, timpeall na tíre). Bíonn ar úsáideoirí tráchtála agus talmhaíochta íoc *pro rata* as a dtomhaltas. Moltar sa Tuarascáil a chuir an Coimisiún Cánachais amach i 2009 go ngearrfaí táillí ar uisce teaghlaigh agus tá cruthúnas ann ón Ríocht Aontaithe agus ó áiteanna eile gur bealach éifeachtach é sin chun tomhaltas uisce teaghlaigh a laghdú.

Tá ceangal ar dhaoine anois faoi na Rialacháin Foirgníochta leithris déshruthlaithe a shuiteáil ó 2008 i leith. Tá foráil san Acht um Sheirbhísí Uisce maidir le dualgas cúraim pluiméireacht a choimeád slán gan sceitheadh *inter alia,* cumhachtaí nua bronnta ar údaráis áitiúla dul i mbun idirghabhála i gcás ina mbíonn cailliúint uisce rómhór agus toirmeasc a chur ar phíobáin solúbtha agus fíneálacha a eisiúint. Tá tionscadail phíolótacha ar siúl i roinnt ceantar údarás áitiúla chun costas táirgthe uisce a thomhas agus chun tomhaltas teaghlaigh agus feirme a laghdú. Tá suíomh idirlín www.taptips.ie ann chun comhairle a chur ar dhaoine maidir le dea-chleachtas um chaomhnú uisce.



Is féidir le lucht tábhairne airgid a choigilt ach dramhaíl a chosc! Treoir coiscthe arna forbairt ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi chlár LAPD.

Maidir le tionscadail NWPP, is rud nádúrtha é go dtagann cúrsaí caomhnaithe uisce agus fuinnimh i gceist áit ar bith a mbíonn iniúchtaí coiscthe dramhaíola ar siúl. Ar an ábhar sin, cuirtear isteach iad sna huirlisí iniúchta ar líne ar an suíomh, a forbraíodh mar chuid de Thionscnamh Greenbusiness.ie. Breathnaítear orthu mar chuid dhílis de na tionscadail Dámhachtainí um

Fháilteachas Glas agus FSS agus de chás-staidéar eile ar bith a bheadh á mheas. Chomh fada agus is féidir sin, bainfear úsáid as na hacmhainní agus as an saineolas atá ag Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann áit ar bith a mbíonn gá le coigiltí móra fuinnimh (féach a MAP Fuinnimh ag www.sei.ie). Maidir le caomhnú uisce, tá coigiltí suntasacha uisce bainte amach faoi cuid den na tionscadail EPA/ERTDI i gClár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise, agus déanfar iad sin a mheas lena scaipeadh níos fairsinge in earnálacha ábhartha. Leanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe dá gcuid oibre siúd a nascadh go straitéiseach le himreoirí tábhachtacha eile chun caomhnú uisce agus fuinnimh a chur chun cinn mar chuid dhílis den iarracht maidir le cosc dramhaíola.

Lucht eagraithe agus tacaíochta ag na Dámhachtainí um Fháilteachas Glas i mBaile Átha Cliath.

Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl

Chun go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú agus a chosc go héifeachtach, is gá go mbeadh faisnéis ar fáil atá cruinn agus tráthúil i dtaobh eascairtí dramhaíola. Soláthraítear faisnéis faoi réimse leathan earnálacha i bPoblacht na hÉireann i dTuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Is cúnamh é sin chun iarrachtaí a dhíriú ar chosc, ar athchúrsáil agus ar bhainistiú sruthanna príomha dramhaíola. Ina theannta sin, caitear léas solais sna tuarascálacha ar tháscairí ábhartha, mar mhaithe le rialtóirí, chomh maith le lucht déanta cinntí beartais agus tráchtála. Tá sé den tábhacht go mbíonn tuarascálacha a éilíonn an Coimisiún Eorpach maidir le réimse Treoracha, ar a n-áirítear dramhaíl agus an tionscnamh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir, bunaithe ar shonraí arna bhfoilsiú sna Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Déantar Tuarascálacha Coinbhinsiún Basel chun na NA agus sonraí do Rialachán Staitisticí Dramhaíola an AE a fhorbairt ar bhonn na faisnéise sin, chomh maith.

Chun na tuarascálacha bliantúla a fhorbairt, bailíonn an Chroífhoireann Coiscthe sonraí mionsonraithe dramhaíola gach bliain ó imreoirí go leor in earnáil bainistithe na dramhaíola, ar a n-áirítear oibreoirí líontaí talún, eagraíochtaí dramhaíola agus athchúrsála, áiseanna cóireála dramhaíola guaisí, údaráis tionsclaíochta agus údaráis áitiúla. Beidh cleachtaí leathana leantacha mar chuid thábhachtach den phróiseas maidir le fíorú agus bailíochtú na sonraí dramhaíola a sholáthraítear, ar a n-áirítear measúnaithe deisce agus iniúchtaí ar an láthair. Foilsíodh na heascairtí don Tuarascáil

Náisiúnta ar an Dramhaíl i 2007 in Eanáir 2009 (féach www.wastereport.ie). Spreag sé sin clúdach úsáideach sna meáin náisiúnta, mar aon le plé phoiblí faoi chúrsaí dramhaíola agus an dóigh inar cheart í a bhainistiú.

Seo thíos príomhthorthaí 2007, i gcónard le 2006:



- Gan ach méadú 1 faoin gcéad ar mhéid na dramhaíola cathrach a gineadh, mar atá, go dtí 3.4 milliún tonna;
- Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta maidir le dramhaíl cathrach in-athchúrsáilte (suas 3.6%), tháinig méadú ar an dramhaíl a chuaigh chuig líonadh talún (suas 1.7%), chomh maith;
- Ar an mórgóir, rinneadh athchúrsáil ar 36.5 faoin gcéad de dhramhaíl cathrach, rud a sháraigh an sprioc náisiúnta 35 faoin gcéad faoi 2013;
- Tháinig méadú mór ar athchúrsáil dramhaíl pacáistíochta, go dtí 63.6, rud a sháraigh an sprioc 60 faoin gcéad a aisghabháil faoi spriocdháta 2008;
- Níor aisghabhabháladh ach 26.1 faoin gcéad den dramhaíl teaghlaigh a bailíodh, rud is ionann agus beagáinín thar leath an bhealaigh go dtí an sprioc náisiúnta 50 faoin gcéad a aisghabháil faoi 2013;
- Measadh go raibh thart faoi 135,678 tonna de dhramhaíl teaghlaigh gan bailiú, rud is údar imní, go háirithe ó tharlódh go ndófaí cuid mhór di;
- Mar a nótáladh thuas, gineadh beagnach 2.32 milliún tonna de dhramhaíl in-bhithmhillte (BMW), as ar aisghabháladh 36.4 faoin gcéad di agus ar cuireadh 1.475 milliún tonna isteach i líonadh talún. Ó 2010 i leith, níl bheidh sé de chead ag Éirinn ach 0.967 milliún tonna BMW a chur chuig líonadh talún, chun a spriocanna faoin Treoir um Líonadh Talún a bhainte amach;
- Bailíodh beagnach 51 míle tonna de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE);
- Rinneadh cóireáil in Éirinn ar 80 faoin gcéad den WEEE a bailíodh agus onnmhairiú ar an gcuid is mó den ábhar in-athchúrsála, chun úsáid déantúsaíochta. Ar an drochuair, tá cuid mhór den chumas cóireála in Éirinn druidte anois. D'fhéadfadh sé sin impleachtaí a bheith aige do tháirgeoirí maidir leis na méideanna a bailíodh a fhíorú agus géilliúlacht a léiriú ó thaobh a spriocanna reachtúla aisghabhála;
- Is díol spéise an méadú 5.8 faoin gcéad a tháinig ar dhramhaíl foirgníochta agus scartála (C&D), go dtí beagnach 17.8 milliún tonna, rud is léiriú ann féin ar an mborradh foirgníochta i mbarr a réime. Ar an drochuair, tá na taifid a choinnítear in earnáil na foirgníochta fós go dona;
- Tuairiscíodh aisghabháil i gcoitinne 71.8 faoin gcéad maidir le dramhaíl C&D (síos ó 79.5 % i 2006 agus 86.9% i 2005);
- Níor aisghabháladh ach 80.5 faoin gcéad d'ithir agus de chlocha (i gcónard le 89% i 2006 agus 95% i 2005). Ar an taobh dhearfa de, tháinig méadú 36 faoin gcéad i 2006 to 44 faoin gcéad i 2007 ar aisghabháil na dramhaíola C&D (ithir & clocha as an áireamh).

Cuireadh taighde suntasach i gcrích maidir leis na sonraí a bhaineann le Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl 2008 a bhfuil súil lena fhoilsiú níos déanaí i 2009.

Cumarsáid maidir le Cosc Dramhaíola

Dúshlán leanúnach is ea é teachtaireacht is féidir a chraobhscaoileadh a fhorbairt agus a sheachadadh maidir le dramhaíl a chosc – rud nach ionann agus dramhaíl a athchúrsáil. Éilíonn an lear mór tionscadal atá ar siúl (mar a shonraíter sa tuarascáil seo) cumarsáid fhairsing leanúnach le réimse leathan lucht éiste roghnaithe agus lucht leasmhara chun dea-iompar dea-chleachtais a chur chun cinn go héifeachtach i gcleachtas. Tapaítear deiseanna de réir mar a eascraíonn, chun cumarsáid a dhéanamh le réimse leathan lucht éiste maidir leis an gclár i gcoitinne, preasráitis a eisiúint nó labhairt ag comhdhálacha ábhartha, de réir mar is cuí. Cuireadh léirithe faoin NWPP i láthair i 2009 ag Comhdháil na bPobal Glasa ag Farmleigh agus ar ócáid arna hurrú i mBaile Átha Cliath ag Coimisiún na hEorpa faoi chosc dramhaíola / líonadh talún. Coimisiúnaíodh an tsraith teilifíse "Eco-eye" arís agus forbraíodh ábhar oiriúnach craolacháin mar mheán cumarsáide le pobal náisiúnta maidir le gnéithe den chlár.

Cumarsáid faoi chosc dramhaíola le daoine i mbun siopadóireachta dóibh

On 21ú go 29ú Mí na Samhna 2009, beidh an Chroífhoireann Coiscthe i gceannas ar an iarracht maidir le rannpháirtíocht náisiúnta sa tSeachtain Eorpach um Laghdú Dramhaíola ar fud an AE (féach www.ewwr.eu). Tá imeachtaí á mbeartú in éineacht le páirtithe agus le lucht comhairleach i ngach ceann de na tionscadail coiscthe. Tá leathanach idirlín arna fhorbairt ar www.ewwr.ie chun daoine a chur ar an eolas maidir leis na deiseanna atá acu rannpháirtíocht a ghlacadh i gcosc dramhaíola ina réimsí tionchair féin, pé acu laistigh dá dteaghlaigh, i mbun taistil nó fóillíochta dóibh, nó laistigh dá n-eagraíochtaí nó dá ngnólachtaí féin.

www.ewwr.eu

EUROPEAN WEEK FOR WASTE REDUCTION 21st - 29th NOVEMBER 2009

Life

With the support of the European Commission

4. Dramhaíl Ghuaiseach a Chosc agus a Bhainistiú

An Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach 2008-2012

Tá ról straitéiseach le himirt ag an EPA agus an Chroífhoireann Coiscthe maidir le cosc agus le bainistiú na dramhaíola guaisí i bPoblacht na hÉireann. Tá ceangal dlí ar an EPA Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a ullmhú, le béim ar conas dramhaíl a chosc/íoslaghdú, athghabháil, bhailiú/iompar thart agus a dhiúscairt Foilsíodh an chéad Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach (NHWMP) i 2001. Foilsíodh plean leasaithe le cur ina áit sin, mar aon le ráiteas um Measúnú Straitéiseach Timpealllachta (SEA) i 2008 chun an tréimhse go dtí 2012 a chlúdach (fch. www.epa.ie/whatwedo/resource/hazardous). Baineann na moltaí sa dá phlean le cosc na dramhaíola mar thosaíocht ar leith. Déanann an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl monatóireacht ar mar a chuireann na húdaráis poiblí a bhaineann le hábhar moltaí an phlean i bhfeidhm (féach Aguisín B). Cuireann an Chroífhoireann Coiscthe tuairiscí ar fáil go rialta don choiste maidir le sonraí dramhaíola guaisí, tionscadail um chur i bhfeidhm agus cúrsaí gaolmhara eile le plé.

Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ceannasaíocht i gcoitinne maidir le beartas chun an plean a chur i bhfeidhm. Baineann tábhacht ar leith le cosc dramhaíola guaisí, toisc go gciallaíonn sí go bhfuil baol tromchúiseach ar leith as cuimse don timpeallacht agus do shláinte an duine in airíonna na dramhaíola sin, pé beag mór a méid. Rachaidh Croífhoireann Coiscthe EPA i mbun tascanna éagsúla, ag brath ar acmhainní arna soláthar, ina measc bailiú agus scaipeadh sonraí, chomh maith le tionscadail nua-thionscanta chun dlús a chur le cur i bhfeidhm na moltaí. Cuirfear tuairiscí faoi bhráid an choiste go tráthrialta maidir le torthaí na dtionscadal sin. Tá sé den riachtanas go ndéanfaidh an lear mór lucht leasmhara, ar a n-áirítear custaiméirí agus gníomhairí geilleagracha a bhíonn ag plé le dramhaíl ghuaiseach, a ról féin chun fadhbanna dramhaíola a eascraíonn óna ngníomhaíochtaí a réiteach.

Eascairtí Dramhaíola Guaisí

Chun an plean a chur i gcomhthéacs, meastar de réir na sonraí sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl gur mar seo a caitheadh le dramhaíl i 2007:

- Gineadh beagnach 305 míle tonna dramhaíola guaisí (méadú 7.3% ar 2006);
- Caitheadh mar ba chóir leis an gcuid is mó den dramhaíl sin agus rinneadh cóireáil ar 27 faoin gcéad (beagnach 83,000 tonna) ar láthair a ginte;
- Rinneadh cóireáil ar 30 faoin gcéad (níos mó ná 91,000 tonna) ar láthair eile seachas ar láthair a ginte (ach in Éirinn);
- Onnmhairíodh an chuid eile, mar atá, beagáinín níos lú ná 148 míle tonna (48%) i gcomhair a cóireála nó a diúscartha thar lear;
- Tógadh 188 míle tonna ithreach truaillithe as láithreáin athfhorbraíochta i mbun a n-athforbartha i 2007 (i gcónard le beagnach 407,000 tonna i 2006).

Rinneadh cóireáil in Éirinn ar 23 % den ábhar sin (níos mó ná 44,000 tonna) agus onnmhairíodh an chuid eile;

- 4 milliún tonna de dhramhaíl déantúsaíochta i 2006, a raibh níos lú de 249 míle tonna di ina dramhaíl ghuaiseach (6.1%);
- Táirgeadh níos mó ná 68% den dramhaíl ghuaiseach sin ag earnáil na ceimice agus na cógaisíochta;
- Meastar gur imigh 30 míle tonna dramhaíola guaisí "gan tásc gan tuairisc" i 2007, is é sin le rá, nár cuireadh ar an taifead í ar a dul isteach i gcóras foirmeálta bainistithe dramhaíola ag freagairt do mhéid na dtáirgí a cuireadh ar an margadh. I measc na samplaí tá pacáistíocht péinte/dúigh, cadhnraí beaga, dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, árthaigh a bhaineann le dip chaorach/ceimicí eile talmhaíochta, lampaí fluaraiseacah, dramhola/scgagairí agus tuaslagóirí tráchtála.

Tá tograí agus moltaí i bPlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach 2008-2012 chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a eascraíonn as na figiúir sin, cosc, bailiú agus cóireáil san áireamh.

Ábhair ghuaiseacha is ea dramhaíl cadhnraí agus ola, a gcaithfear caitheamh leo ar dhóigheanna speisialta bailithe agus cóireála.

Dul chun cinn maidir leis na Moltaí sa Phlean a chur i bhfeidhm

Tá 28 príomh-mholtaí sa Phlean. Léirítear faoi chló iodálach anseo iad agus cuirtear tuairisc ghearr ar fáil maidir leis an dul chun cinn go nuige seo maidir le gach moladh, faoi seach.

Socruithe riaracháin:

1. *Ról an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl i 2008 a dheimhniú feidhmiú mar an phríomheagraíocht den lucht leasmhara maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

2. *An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a ainmniú i 2008 chun comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean, le freagracht as cur chun cinn, monatóireacht, tuairisciú agus as gníomhartha um chur i bhfeidhm ag údaráis fhreagracha eile a threorú de réir mar is gá.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Nótáladh an deimhniú agus an t-ainmniú araon de réir moltaí 1. agus 2 ag cruinniú 12ú March 2009 an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus cuireadh ar an taifead i Miontuairiscí an chruinnithe sin iad. Glacadh leis na Miontuairiscí sin dá éis sin ag cruinniú 6ú Deireadh Fómhair 2009.

Ceiliúradh ar bhronnadh na nDámhachtainí Teaghlach Glasa ar Ghrúpaí Pobail i Ros Comáin..

3. *Udaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile ainmnithe i 2008 chun tascanna ar leith a aithnítear sa Phlean a dhéanamh.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

4. *Ba cheart do na húdaráis áitiúla, de réir alt 26 d'Achtannna um Bainistiú Dramhaíola 1996 go 2008, airt a thabhairt ar mholtaí ábhartha den Phlean sin le linn dóibh pleananna réigiúnacha agus áitiúla um bainistiú dramhaíola, chomh maith le treoirlínte pleanála réigiúnaí agus pleananna forbartha réigiúnacha agus áitiúla a chur i bhfeidhm nó a athbhreithniú.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla

D'éisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil litreacha chun na Ranna Iompair & Mara agus Oideachais & Eolaíochta lena gcur ar an eolas maidir leis na moltaí a théann i gcion orthu. D'eisigh an Roinn Ciorclán Uimh. WPRR 07/09 chuig na húdaráis áitiúla ar fad, á gcur ar an eolas i dtaobh a ról féin maidir leis an bPlean.

5. *Ba chóir go mbeadh comhlachtaí poiblí i gcoitinne eolach ar an bPlean agus, de réir mar is cuí, airt a thabhairt ar na forálacha agus na moltaí ann le linn dóibh a gcuid feidhmeanna maidir le caomhnú comhshaoil, forbairt tionsclaíochta agus eile a chur i gcrích, chun críocha feabhas a chur ar a mbealaí bainistithe dramhaíola agus ar chórais a gcliant, a gcustaiméirí agus a lucht leasmhara eile.*

Freagrach: Gach comhlacht poiblí

Chuathas i gcomhairle le gach comhlacht poiblí le linn don Phlean seo a bheith á fhorbairt agus cuireadh ar an eolas iad nuair a foilsíodh é.

Cosc:

6. *Clár um chosc dramhaíola guaisí a fhorbairt i 2008, faoi choimirce an Chláir reatha um Chosc ar Dhramhaíl, le cur i bhfeidhm i dtréimhse chúig bhliana an Phlean.*

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá cosc dramhaíola guaisí arna shníomh isteach san tionscadail coiscthe ar fad, ar a n-áirítear Gnó Glas, na Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúla. Is é an bealach ina gcuirtear é sin i gcrích ná féachaint chuige go mbíonn fócas na n-iniúchtaí dramhaíola ar fhadhbanna dramhaíola guaisí a réiteach mar thosaíocht. Aithnítear sé earnáil tosaíochta sa Phlean chun díriú orthu, mar atá, pharmachem, cló, cúram sláinte, iompar, talmhaíocht agus teaghlaigh. Foilsíodh pleananna coiscthe atá dírithe go sainiúil ar earnálacha ar leith. Cuireadh tús le clár ag obair in éineacht le Pharmachem Éireann chun tionscadail coiscthe a chur i bhfeidhm san earnáil sin, staidéar Tuaslagóirí ina measc. Cuireadh tús, chomh maith, le tionscadail eile chun scrúdú a dhéanamh ar chosc in áiseanna um chúram sláinte. De réir mar is iomchuí, úsáidfear ceachtanna a d'fhoghlaim daoine as an tionscadal HAZRED a mhaoinigh an tAE (féach www.hazred.org.uk).

7. *Oifigigh oilte coiscthe a ainmniú faoi 2010, mar oifigigh aonair nó mar ghrúpaí réigiúnacha, i slí is go gclúdaítear an ceantar faoi údarás áitiúil, ag baint leasa as gach a mbíonn de mhaoiniú ar fáil trí Líonra na nÚdarás Áitiúla maidir leis an gCosc, chun inter alia, oibriú i gcomhar le gnólachtaí áitiúla agus le pobail áitiúla chun cosc a chur ar dhramhaíl ghuaiseach, seirbhísí bailithe inrochtana cost-éifeachtúil a eagrú agus géilliúlacht níos fearr don reachtaíocht a bhaint amach.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla

Fuair na húdaráis áitiúla ar fad cuireadh iarratais a chur isteach ar mhaoiniú faoin tionscnamh a bhaineann le Líonra na nÚdarás Áitiúla maidir leis an gCosc. Fuair trí údarás áitiúil deontas maoinithe nó tionscadail coiscthe, dramhaíl ghuaiseach ina measc. Tá an cúrsa um Oiliúint Deimhnithe maidir le Cosc Dramhaíola fós á chur

ar fáil do na húdaráis áitiúla ar fad.

Aerfort Réigiúnach Chiarraí, áit ar cuireadh tionscnamh coiscthe dramhaíola LAPD i bhfeidhm.

8. *Beartas soláthair ghlais a shonrú agus treoirlínte a chur ar fáil maidir le hábhair ghuaiseacha a laghdú nó ábhair eile a chur ina n-áit sa phróiseas soláthair phoiblí.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá obair idir lámha sa Roinn chun Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas.

Dramhaíl Ghuaiseach a bhailiú:

9. *Dóthain acmhainní ag údaráis áitiúla, ó 2008 amach, chun dóthain áiseanna bailithe dramhaíola guaisí a sholáthar i ngach ceantar údaráis áitiúil faoi 2012 chun freastal ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí beaga agus soláthar a dhéanamh chun na háiseanna agus na seirbhísí atá ann anois a leathnú agus/nó áiseanna nua a thógáil.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Táthar ag glacadh le níos mó den dramhthrealamh leictreach agus cadhnraí ag láithreáin conláistí cathartha. D'fhéadfadh tuilleadh acmhainní a bheith ar fáil amach anseo, de réir mar a fhorbrófar Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir do shruthanna eile táirgí guaiseacha (féach Moladh 16).

10. *Clár a chur i gcrích faoi 2012 chun áiseanna fágála a sholáthar ag láithreáin iomchuí conláistí cathartha agus/nó ionaid iomchuí eile (áiseanna soghluaiste bailithe) le húsáid ag teaghlaigh agus ag gnólachtaí beaga agus smaoineamh ar thairiscintí i gcomhar maidir le seirbhísí bailithe dramhaíola ar conartha i gcomhar le húdaráis áitiúla eile, d'fhonn costais a laghdú.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla

Tá áiseanna soghluaiste chun dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a bhailiú fós á soláthar ó uair go chéile ag cuid de na húdaráis áitiúla. Tá tairiscint i gcomhar i measc údarás áitiúla á cur chun cinn mar chuid de na comhairliúcháin maidir le Cód Cleachtais do láithreáin conláistí cathartha.

11. *den chéad uair i 2010 i gcomhair oibreoirí údaráis áitiúil agus earnála príobháidí ina nglactar le dramhaíl ghuaiseach.*

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Cód cleachtais a ullmhú faoi 2009 maidir le láithreáin conláistí cathartha ina nglactar le dramhaíl ghuaiseach. Urraíocht a dhéanamh ar fhorbairt cúrsa oiliúna a chuirfear ar fáil.

12. *Feachtais feasachta áitiúla agus réigiúnacha a reáchtáil, a gcuirfear tús leis an obair ullmhaithe faoina gcomhair i 2009, chun daoine agus gnólachtaí a chur ar an eolas go réamhghníomhach i dtaobh na seirbhísí bailithe dramhaíola guaisí agus a gcuid oibleagáidí ina leith. D'fhéadfaí treoir ghinearálta a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta maidir le toipicí i gcoitinne, 'oibleagáidí', mar shampla, i gcomhar le húdaráis náisiúnta, mar shampla, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla

D'fhéadfaí tús a chur leis an obair a bhaineann leis an moladh seo a thúisce is a bheadh an Cód Cleachtais in áit agus níos mó de na Láithreáin Conláistí Cathartha i gcumas glacadh le réimse níos leithne den dramhaíl ghuaiseach.

Earraí á seachadadh i gcliathbhoscaí in-athúsáidte ag ionad siopadóireachta SkyCourt i gContae an Chláir, rud a choscann dramhaíl pacáistíochta.

13. *Scéim phíolótach iniúchta a reáchtáil, a gcuirfear tús léi i 2008, chun buanna leantacha agus fadtréimhseacha rialaithe na hearnála seirbhísithe feithiclí agus garáistí, ina mbeidh conraitheoirí creidiúnaithe iniúchta.*

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá tús curtha le staidéar maidir le garáistí agus gnáthleibhéil a n-eascairtí dramhaíola guaisí. Cuirfear doiciméad um Threoir Dea-Chleachtais ar fáil, a mbeifear i gcomhairle le lucht na hearnála agus le lucht leasmhara eile ina leith.

14. *Feachtas feasachta do gharáistí a fhorbairt i 2009 gcomhar le húdaráis áitiúla, ina leagfar béim ar leith ar dhramhola agus ar a dhó i dtéitheoirí áite.*

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá leas á bhaint as comhairliúcháin le hearnáil na ngaráistí faoi Mholadh 13 mar dheis chun cur ina luí ar dhaoine gur rud mídhleathach dramhola a úsáid chun áiteanna a théamh gan ceadúnas chuige sin.

Tionscadal LAPD ina léirítear cosc dramhaíola ar láithreán tógála: pailléid arna scagadh i gcomhair a n-athúsáidte ar láithreán tógála i gCathair Luimnigh

15. *Tús a chur le clár gníomhaíochtaí um fhorfheidhmiú áitiúil nó comhaontaithe i 2009 maidir le bainistiú na dramhaíola guaisí i scata aicmí de ghnólachtaí beaga, ina measc garáistí, mionsaotharlanna, láithreáin tógála, tionsclaíochta, cúram sláinte agus eile. Ba cheart go gcinnteodh gníomhartha forfheidhmithe go mbíonn an lucht ginte dramhaíola guaisí ar fad ag bainistiú na dramhaíola guaisí de réir a gcuid oibleagáidí reachtúla agus ba cheart a dhéanamh in athuair go tréimhsiúil le linn tréimhse an Phlean. D'fhéadfadh an Líonra um Fhorfheidhmiú Comhshaoil a bheith ina áis oiriúnach maidir le gníomhaíochtaí comhaontaithe, nós imeachta comhaontaithe agus prótacail a chomhordú Ba cheart moltaí maidir le háiseanna tacaíochta um fhorfheidhmiú na dramhaíola guaisí de réir earnálacha a chur faoi bhráid an Líonra um Fhorfheidhmiú Comhshaoil.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla

Ba cheart tús a chur leis an obair faoin moladh seo a thúisce is a bheidh dul chun cinn déanta le tionscadail na Láithreán Conláistí Cathartha agus na ngaráistí.

16. *Tús a chur le tionscadal um fhreagracht ar tháirgeoirí dramhaíola guaisí i 2008 agus an tionscadal a chur i bhfeidhm i dtréimhse chúig bliana an Phlean. Le linn an tionscadail, ba chóir measúnuithe a chur ar siúl maidir le hoibleagáidí nua a d'fhéadfaí a chur ar tháirgeoirí, a chuimseoidh gá le reachtaíocht nó le comhlachtaí bainistíochta, de bhun mionstaidéar maidir le sruthanna tosaíochta dramhaíola.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

D'eagraigh an EPA cruinniú leis an Roinn agus le hionadaithe den earnáil soláthraithe péinte chun cúrsaí a bhaineann le scéim um Fhreagracht ar an Táirgeoir a phlé maidir le soithigh ina mbíodh péint a bhailiú. Ar na scéimeanna eile is gá a phlé tá cógais leighis daonna agus ainmhí, áiseanna caite liachta, ceimicí feirme, dramholaí/scagairí agus dúigh a bhaineann le hearnáil an chló.

17. *Tús a chur le fiosrú i 2008 faoi an féidir conradh náisiúnta nó áis de chineál eile a fhorbairt chun dramhcheimicí a bhailiú ó shaotharlanna scoile ar bhealach a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de.*

Freagrach: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Cé go bhfuil teagmháil déanta leis an Roinn fhreagrach, ní thuairiscítear dul chun cinn a bheith déanta go dtí seo maidir leis an moladh thuas a chur chun cinn.

Teagasc faoi chosc dramhaíola á fháil ag grúpa pobail sa Ghaillimh.

18. *Tús a chur i 2008 le clár a fhorbairt chun críocha a chinntiú go ndéantar eascairtí fíor-mhionscála, ar a n-áirítear soláthairtí úsáidte agus neamhúsáidte leighis, a bhailiú ó altraí sláinte poiblí agus ó othair a chuireann cóir leighis orthu féin i gcomhair a ndiúscartha mar ba chóir.*

Freagrach: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Pléadh an t-ábhar sin ag cruinniú le FSS, inar chuir ionadaithe FSS a ndearcadh i láthair, mar atá, gur cheart go mbeadh lucht déanta na n-áiseanna sin freagracht as a gcur ar ais agus a n-athchúrsáil go sábháilte. Ar an ábhar sin, is féidir gurbh fhearr an moladh seo a chur ar atreo go dtí Moladh 16 thuas.

19. Treoir a fhorbairt, nó céimeanna cuí eile a ghlacadh, ó 2008 amach, chun cabhrú le sealbhóirí árthach, le hoifigigh calafoirt agus le húdaráis inniúla pleanáil agus bainistíocht a dhéanamh maidir le dramhaíl a eascraíonn ar bord loinge, de réir na reachtaíochta ábhartha.

Freagrach: An Roinn Iompair agus Mara

Cé go bhfuil teagmháil déanta leis an Roinn fhreagrach, ní thuairiscítear dul chun cinn a bheith déanta go dtí seo maidir leis an moladh thuas a chur chun cinn.

Is gá go fiú cadhnraí beaga a bhíonn in úsáid go coitianta a bhailiú i ndiaidh a dtráite, chun go ndéanfar iad a chóireáil go sainiúil mar dhramhaíl ghuaiseach agus níor cheart iad a dhiúscairt riamh ná choíche mar dhramhaíl teaghlaigh.

Bonneagar agus neamhthuilleamaíocht:

20. Staidéar a choimisiúnú i 2009 chun soiléiriú a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla agus geilleagracha a bhaineann le cumas líonadh talún do dhramhaíl ghuaiseach a sholáthar.

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá Staidéir Náisiúnta um Dhramhaíl Achrannach nó Amhrasach arna choimisiúnú chun an t-ábhar sin a scrúdú. Chomh maith leis sin, scrúdófar ann dramhaíl eile, mar shampla, aispeist, dramhaíl radaghníomhach ar leibhéal íseal, ordanás neamhphléasctha/as dáta agus bladhmanna mara.

21. Athbhreithniú leantach ar an gcumas maidir le líonadh talamh dramhaíola guaisí agus, le haird ar mholtaí ar bith a dhéanfar sa staidéir EPA (féach Moladh 20 thuas), machnamh ar áiseanna iomchuí geilleagracha nó eile chun féachaint chuige go ndéanfaidh an earnáil phríobháideach nó an earnáil phoiblí an cumas sin a sholáthar faoi 2012.

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

á athbhreithniú leantach ar na cúrsaí ar siúl faoi láthair agus cuirfear sa mheá torthaí ag eascairt as Moladh 20.

22. Staidéar a choimisiúnú i 2009 maidir le tuaslagóirí dramhaíola a chóireáil le haird ar leith ar chumas athchúrsála tuaslagóirí.

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá faisnéis agus léiriú úsáideach ag teach as staidéir faoin earnáil pharmachem maidir le treochtaí eascairtí dramhaíola guaisí. Cabhróidh sé sin le hiarrachtaí dírithe ar chosc agus leagfaidh méar ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na saghsanna sin dramhaíola in Éirinn.

Iniúchadh dramhaíola ar siúl ag áitreabh gnó faoi chlár LAPD: sular féidir deiseanna um chosc dramhaíola a aithint, déanfaidh rangú dramhaíola méid agus saghsanna na dramhaíola arna táirgeadh a mheas..

23. Féachaint chuige go gcuirtear cúrsaí uile-oileáin sa mheá agus Moltaí 20-22 á gcur i bhfeidhm.

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Cuirfear na cúrsaí sin san áireamh sna staidéir, mar aon le moltaí ar bith a eascraíonn astu. Is fiú a nótáil anseo gur féidir dramhaíl ghuaiseach a aistriú ó dhlínse go dlínse in Éirinn uile anois i gcomhair a diúscartha (faoi réir ag na Rialacháin um Sheoladh

Dramhaíola thar Teorainneacha). D'fhéadfadh sé sin coigiltí de réir scála a oscailt i mbonneagar na dramhaíola.

24. *Staidéir tagarmharcála agus gníomhaíochta a choimisiúnú maidir le dramhaíl ghuaiseach feirme a choimisiúnú agus a chríochnú faoi 2010, ina scrúdófar na tionscnaimh atá á reáchtáil ag lucht leasmhara agus na moltaí a bhaineann le riachtanais don todhchaí maidir le dramhaíl ghuaiseach a ghineadh, a bhainistiú, a bhailiú agus a chóireáil.*

Freagrach: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá tús curtha le staidéar maidir le Dramhaíl Ghuaiseach Feirme, lena mbaineann comhairliú le páirtithe ábhartha. Tugtar aghaidh sa cháipéis *Feirmeoireacht Comhshaoil* a d'fhoilsigh LAPD ar chosc dramhaíola san earnáil sin.

Dramhaíl ghuaiseach arna stóráil i bhfeirm.

25. *Soláthar a dhéanamh i dtreoirlínte ceantair agus i bpleananna forbartha ceantar áitiúla agus i bpleananna forbartha áitiúla maidir le bainistiú comhordaithe ar ithir éillithe, áit a gcuimsíonn na pleananna sin athfhorbairt dugthailte nó láithreán donna eile. Nuair is indéanta go teicniúil agus go geilleagrach sin, ba chóir go ndéanfaí soláthar sna pleananna do bhainistiú comhordaithe na hithreach éillithe ó cheantar i gcoitinne ó pheirspictíocht ithir a chóireáil in situ nó in áiseanna údaraithe in Éireann, de rogha ar a cur thar sáile.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla, údaráis réigiúnacha, An Bord Pleanála agus údaráis eile pleanála

Cé go bhfuil teagmháil déanta leis na páirtithe freagracha, ní thuairiscítear dul chun cinn a bheith déanta go dtí seo maidir leis an moladh thuas a chur chun cinn. Tá go leor slí ann chun ithir éillithe a chóireáil le teicneolaíochtaí sách simplí, rud a choimeádfadh acmhainn ag imeacht anseo, chomh maith leis an iomarca iompair a sheachaint. Meastar go n-imríonn teicneolaíochtaí malartacha ról tábhachtach sna cúrsaí sin, chomh maith le roghanna seanbhunaithe fisiceimeacha.

Rialáil:

26. *Athbhreithniú leantach maidir le cé chomh mór is is gá rialacháin reatha a chomhtháthú agus a athchóiriú, agus soláthar a dhéanamh do rialacháin úra maidir le dramhaíl ghuaiseach, nuair is léir go mbíonn gá lena leithéid agus an Plean seo á chur i bhfeidhm.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Déantar athbhreithniú leantach agus tréimhsiúil ar na cúrsaí sin.

Seanláithreáin diúscartha, calafoirt agus cuanta:

27. *Clár a fhorbairt faoi 2010 maidir le haithint córasach, le measúnú córasach agus le pleanáil gníomhaíochta maidir le dríodar éillithe calafoirt, cuain agus marina.*

Freagrach: An Roinn Iompair agus Mara

Cé go bhfuil teagmháil déanta leis an Roinn fhreagrach, ní thuairiscítear dul chun cinn a bheith déanta go dtí seo maidir leis an moladh thuas a chur chun cinn. Nóta: ó rinneadh an moladh sin a fhoirmliú, táthar tar éis freagrachtaí Roinn na Mara a aistriú go dtí an Roinn Talmhaíochta/an Roinn Chomhshaoil/EPA (dumpáil ar muir) agus an Roinn Iompair (muiriompar).

28. *Láithreáin ina mbíodh dramhaíl ghuaiseach á diúscairt go suntasach tráth a aithint, a mheas agus, nuair is gá, a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh an ghníomhaíocht sin ag teacht leis an gCód Cleachtais a d'ullmhaigh Oifig um Fhorfheidhmiúchán an EPA. Rialacháin nua a chruthú chun an earnáil sin a rialú go héifeachtach agus mar is cóir agus chun na láithreáin sin a thabhairt chun géilliúlachta maidir leis an Treoir um Chreat Dramhaíola.*

Freagrach: Údaráis Áitiúla agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá maitrís arna forbairt ag an EPA d'údaráis áitiúla agus don Roinn maidir le líontaí talún a druideadh.. Tá níos mó ná 445 láithreán á meas faoi láthair agus 22 á measúnú maidir ó thaobh na dramhaíola guaisí de.

Tionscnaimh thuaidh/theas

29. *Téarmaí tagartha a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú ó 2008 amach, i gcomhair leis na húdaráis iomchuí i dTuaisceart Éireann, chun grúpa neamhfhoirmeálta oibre dramhaíola guaisí Thuaidh/Theas, a aithneoidh constaicí in aghaidh na gcur chuige a aithnítear sa Phlean agus a chuirfeadh moltaí ar fáil d'fhonn a sáraithe.*

Freagrach: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá athbhreithniú leantach tréimhsiúil ar na cúrsaí ar siúl faoi láthair.

5. Regulated Products and Scheduled Activity Géilliúlacht Tháirgí Rialaithe agus Gníomhaíochtaí Sceidealaithe

Rialacháin maidir le Défheinilí Polaiclóirínithe (PCBanna) Regulations

De ghnáth, tagtar ar Défheinilí Polaiclóirínithe (PCBanna) i seantrealamh leictreach, mar shampla, claochladáin, toilleoirí and ballastaí le haghaidh soilsithe fhluaraisigh. Is Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna) iad féin a dhéanann dochar mór don chomhshaol ach atá clúdaithe ag reachtaíocht faoi leith, seachas a mbaineann leis na POPanna eile a bhfuil tuairisc orthu thíos. D'fhoilsigh an EPA Plean Bainistíochta maidir le PCBanna i 2002 de réir na Rialachán, inar soláthraíodh treoir theicniúil agus cur síos ar an oibleagáid faoin dlí a leagtar ar shealbhóirí na n-ábhar sin an EPA a chur ar an eolas ina leith. Rinneadh nuashonrú i 2007/8 ar an bplean sin agus cumarsáid agus rannpháirtíocht fhairsing déanta le heagraíochtaí lenar bhain áiseanna a d'fhéadfadh PCBanna a chuimsiú. Rinneadh iniúchtaí leantacha ar an suirbhé roimhe sin agus cuireadh feachtas iniúchtaí ar siúl chun nuashonrú a dhéanamh ar fhardal náisiúnta na sealúchas PCB ar an dóigh sin, agus chuathas i dteagmháil go díreach le lear mór eagraíochtaí ar dóichí ná a mhalairt lear mór seanfhoirgneamh a bheith ina seilbh, ar a n-áirítear Óglaigh na hÉireann, Iarnód Éireann, BSL, Bord na Móna, FSS, RTÉ, ar láithreáin mhóra tionsclaíochta agus aerfort agus údarás áitiúla. Foilsíodh bunachar sonraí na dtorthaí agus fardal PCB ar shuíomh idirlín an EPA, a bhfuil rochtain ag an lucht leasmhara ar fad air. Ina theannta sin, foilsíodh Plean Bainistíochta PCB, a mbeidh Cód Cleachtais ann chun PCBanna agus trealamh ina bhfuil PCBanna a bhainistiú laistigh den eagraíocht. Cuirtear faisnéis agus treoir maidir le PCBanna ar www.pcbs.ie.

Is gá seantoilleoirí i ngléasra leictreach a scrúdú, 'féachaint an bhfuil PCBanna iontu.

Rialacháin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna)

Éilíonn Rialachán CE maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna) go gcuirfí raon beart rialála in áit a bhaineann le táirgiú, le húsáid, le cur ar an margadh, le stoc-charnadh, le laghdú ar an scaoileadh agus le bainistiú dramhaíola. Tá rialacháin náisiúnta á n-ullmhú ina n-ainmnítear an EPA mar Udarás Inniúil maidir le POPanna. Chuathas i gcomhar go forleathan le húdaráis eile ar a luíonn freagracht ina leith ar bhonn leantach, ina measc an Roinn Talmhaíochta (Seirbhís Rialála Lotnaidicídi), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (Rialacháin ceimiceán REACH), Bord Leigheasra na hÉireann, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus páirtithe eile. Tá aonad fardal an EPA tar éis forbairtí ar fhardail POPanna aeir, uisce agus talún a chur i gcrích. Déanfaidh Aonad Ceadúnaithe an EPA athbhreithniú leanúnach ar na coinníollacha ceadúnais a bhaineann le POPanna. Leanfaidh Oifig Measúnaithe Comhshaoil an EPA de bheith ag foilsiú sonraí monatóireachta maidir le dé-ocsainí, le furáin agus le PCBanna sa timpeallacht. Tá treoir agus faisnéils i dtaobh na rialachán sin ar fáil ar www.pops.ie.

Cuireadh an tuarascáil riachtanach faoi Alt 12 den Rialachán POPanna isteach in am. Freastalaíodh ar an gCeathrú Cruinniú de na hÚdaráis Inniúla AE. Cuid thábhachtach den réimse sin oibre is ea é déileáil le forfheidhmiú leanúnach agus le ceisteanna a eascraíonn maidir le POPanna. Tá athbhreithniú leanúnach ar siúl maidir le riachtanais taighde a bhaineann le POPanna. Tá Plean Náisiúnta Feidhmithe (NIP), a chuimsíonn Plean Gníomhaíochta, á dhréachtadh anois, maidir le bearta chun substaintí sonraithe a aithint, a shainaithint, a thréithriú agus a laghdú an oiread agus is féidir, agus beidh comhairliúchán iomlán poiblí ina leith sin.

Substaintí Guaiseacha (RoHS) a shrianadh

Cuireann an Treoir RoHS srian le húsáid substaintí guaiseacha i ndéantús trealaimh leictrigh agus leictreonaigh (EEE). Is é is cuspóir don Treoir Mhargaidh Aonair sin ná sláinte na ndaoine a chosaint trí mheán féachaint chuige go ndéantar Dramhthrealamh Leictreach & Leictreonach (WEEE) a dhiúscairt mar ba chóir ó thaobh an chomhshaoil de. I measc na substaintí arna rialú tá an luaidhe, an mearcair, an caidmiam, an cróimiam heicifhiúsach agus ceimiceáin lasarmhoillitheacha. Toirmisceann na Rialacháin táirgí ábhartha a chur ar an margadh ná a dháileadh ina bhfuil níos mó de na substaintí sin ná leibhéal sonraithe na substaintí. Go praiticiúil, leagann sé sin critéir reachtúla éicidhearaidh ar na páirtithe ar fad i slabhra margaidh agus soláthair EEE. Caithfidh na táirgeoirí taifid leordhóthanacha a choimeád lena dheimhniú gur comhlíonadh na riachtanais sin. Is é an EPA an t-aon ghníomhaireacht forfheidhmithe do RoHS, agus bronnadh cumhachtaí fairsinge uirthi fiosrú agus tástáil a dhéanamh, agus, más gá, orduithe a eisiúint táirgí toirmiscthe a tharraingt siar/bhaint den mhargadh. Baineann treoraíocht Choimisiún an AE faoi fheidhmiú na dTreoracha Margaidh Aonair leis an Treoir RoHS.

Leagadh de chúram ar an gCroífhoireann Coiscthe RoHS a fhorfheidhmiú in Éirinn. Tá straitéis á cur i bhfeidhm a chuimsíonn soláthar faisnéise, gearáin a fhiosrú,

meastóireacht faoi sháruithe rialach a chuirtear i leith táirgeoirí agus sampláil/tástáil ar tháirgí a bhíonn ar an margadh. Tá soláthar sna rialacháin do chumhachtaí fairsinge chun táirgí a aisghairm agus tá treoirlínte arna gcur ar taispeáint ar www.rohs.ie.

Fuarthas amach go raibh an chuid is mó de na 51 táirge a tástáladh i 2008/9 géilliúil. Tá táirgí ar bith a aithníodh mar neamhghéilliúil ina n-ábhair gníomhaíochta leanúnach forfheidhmithe leis na táirgeoirí, na miondíoltóirí agus na himreoirí slabhra soláthair. I bhformhór na gcásanna, rinneadh táirgí neamhghéilliúil a ghlaoch ar ais go deonach. Bhí cás amháin ann, áfach, eisíodh Treoir chuig táirgeoir táirge a ghlaoch ar ais ó úsáideoirí deiridh. Tá an táirgeoir ag cur i gcoinne na Treorach sin sna Cúirteanna faoi láthair. Tá idirchaidreamh le comhghleacaithe AE ag leanúint ar aghaidh trí Líonra Forfheidhmithe an RoHS, i gcruinnithe a thionóltar faoi dhó sa bhliain agus trí chóras airdill r-phoist ar fud an AE.

Is gá seanchlaochladáin i ngléasra leictreach a scrúdú, 'féachaint an bhfuil PCBanna iontu.

Substaintí Toirmiscthe a Phacáistiú

Éilíonn na Riachtanais Bhunúsacha sna Rialacháin um Pacáistíocht an pacáistíocht is lú is féidir a úsáid agus cuirtear toirmeasc iontu ar shubstaintí sonraithe guaiseacha in ábhar pacáistithe chun tionchar comhshaoil na pacáistíocht i gcoitinne a mhaolú. Cuirtear toirmeasc ar tháirgeoir pacáistíocht a sholáthar ina sáraítear tiúchan áirithe luaidhe, mearcair, caidmiam, nó cróimiam heicifhiúsaigh. Tá forálacha ann chun leibhéal géilliúlachta pacáistíocht gloine a chinntiú laistigh de na teorainneacha sin. Cé gur ar na táirgeoirí a leagtar na hoibleagáidí sin, tá prótacail forfheidhmithe agus modheolaíochtaí faireachais á bhforbairt ag an bhfoireann chun féachaint chuige go gcomhlíonann pacáistíocht a chuirtear ar an margadh in Éirinn na riachtanais sin. Mar chuid den Chlár um Chosc na Dramhaíola Pacáistithe, tá uirlis féinmheasúnaithe á forbairt, a bhfuil treoir maidir le substaintí toirmiscthe (féach www.preventandsave.ie).

Cadhnraí agus Taisc-chadhnraí ina Substaintí Toirmiscthe

Tháinig na Rialacháin um Chadhnraí agus Taisc-chadhnraí i bhfeidhm i Meán Fómhair 2008. Toirmisceann an reachtaíocht cadhnraí a chur ar an margadh a sháraíonn uasmhéid áirithe mearcair nó caidmiam, nó ar a bhfuil lipéid mhíchuí. Clúdaíonn na rialacháin réimse leathan saghsanna cadhnraí, ina measc earnáil ábhar soghluaiste do thomhaltóirí, an earnáil uathghluaisneach agus earnáil na tionsclaíochta. Tá treoir i dtaobh na rialacháin sin le fáil ar www.batteries-enforcement.ie.

Ceannaíodh an táirge ar an margadh ó sholáthraithe éagsúla timpeall na tíre sna catagóirí cadhnraí/taisc-chadhnraí ar fad (22 sampla). Caithfear an t-ábhar sin a thástáil faoi chonradh i saotharlanna, chun a ghéilliúlacht le teorainneacha trom-mhiotal a dheimhniú. Is údar comhfhreagrais leanúnaigh forfheidhmithe le táirgeoirí, le miondíoltóirí agus le himreoirí ábhartha eile i slabhra an tsoláthair táirgí ar bith a aithnítear mar ábhair neamhghéilliúla.

Péinteanna maisiúcháin a rialú: Géilliúlacht Táirge VOC a fhorfheidhmiú

Treoir eile Margaidh Aonair í seo a chuirtear i bhfeidhm in Éirinn faoi na Rialacháin um Péinteanna Maisiúcháin. Leagtar síos teorainneacha maidir leis an ábhar soghalaithe nó VOC (Carbón Orgánach So-ghalaithe) i bpéinteanna ar an margadh san earnáil teaghlaigh, san earnáil ghairmiúil agus san earnáil ath-bhailchríochnaithe feithiclí. Baineann treoraíocht Choimisiún an AE maidir le Treoracha Margaidh Aonair a chur i bhfeidhm le forfheidhmiú riachtanais táirgí Péinteanna Maisiúcháin. Is í an EPA an t-údarás ainmnithe maidir le treoraíocht i leith na Rialachán sin agus foilsítear na riachtanais sin ar www.decopaints.ie.

Tá leibhéal maith géilliúlachta i gcoitinne arna léiriú ag iniúchtaí táirgí maisiúcháin teaghlaigh. Cuireadh 56 iniúchadh a bhain le córais lipéad i gcrích i 2008/9 agus glacadh 13 sampla i gcomhair a n-anailísithe i saotharlanna maidir le tuaslagóirí iontu. Is údar comhfhreagrais leanúnaigh forfheidhmithe le táirgeoirí, le miondíoltóirí agus le himreoirí ábhartha eile i slabhra an tsoláthair táirgí ar bith a aithnítear mar ábhair neamhghéilliúla.

Lean iniúchtaí gach gearán a rinneadh ar fud na tíre maidir le táirgí neamhghéilliúla san earnáil ath-bhailchríochnaithe feithiclí. Reáchtáladh cúig iniúchadh láithreáin maidir le péinteanna ath-bhailchríochnaithe a sholáthar agus glacadh samplaí i gcomhair a n-anailísithe i saotharlanna. Rinne Conraitheoirí Creidiúnaithe Iniúchta (AIC) suas le 500 oibríocht ath-bhailchríochnaithe feithicle a iniúchadh, chomh maith (féach thíos). Tá toirmeasc ar lucht ath-bhailchríochnaithe feithiclí táirgí neamhghéilliúla a úsáid, rud a chruthaíonn fócas tábhachtach i gcomhair iniúchtaí um ghéilliúlacht AIC. Níor nochtadh go nuige seo fianaise ar bith maidir le hallmhairithe táirgí neamhghéilliúla ar an mórgcóir

Rialacháin Tuaslagóirí agus Péinteanna Maisiúcháin do Ghníomhaíochtaí Sceidealaithe a chur i bhfeidhm

Is é is cuspóir don Treoir um Thuaslagóirí ná astuithe Carbón Soghalaithe Orgánaigh agus eascairtí dramhaíola guaisí a chosc in earnálacha éagsúla tionsclaíochta a mbíonn tuaslagóirí in úsáid iontu. Is í an EPA a rialaíonn saoráidí móra a úsáideann tuaslagóirí faoi réimeas ceadúnaithe an Choisc agus na Rialála Comhtháite um Thruailliú (IPPC). Cuireann na rialacháin sin ceangal ar oibreoirí gnóthas beaga agus meánmhéide clárú lena n-údaráis áitiúla, taifid mhionsonraithe ar úsáid/laghdú na dtuaslagóirí a choimeád agus a n-oibriú a chur faoi iniúchadh gach bliain. Caithfidh Conraitheoirí Creidiúnaithe Iniúchta (AIC) na hiniúchtaí sin a reáchtáil agus a bheith cláraithe iad féin le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi ISO 17020, mar atá, Caighdeán na gComhlachtaí Idirnáisiúnta Iniúchta. Ar an dul céanna, cuirtear ceangal ar oibreoirí Ath-bhailchríochnaithe Feithiclí clárú lena n-údaráis áitiúla, tar éis iniúchadh géilliúlachta AIC a dhéanamh gach dara bliain. Tá lear mór comhlachtaí SME a d'fhéadfadh teacht faoi na Rialacháin um Péinteanna Maisiúcháin. Tá slí nach beag ann do laghdú suntasach ar thuaslagóirí ag eascairt as dramhaíl ghuaiseach. Ba cheart go mbeadh bainistiú dramhaíola guaisí níos fearr ann, de thoradh na scéimeanna AIC sin. Cuirtear faisnéis agus treoir i dtaobh na rialachán sin ar fáil ar www.solvents.ie agus ar www.vehiclerefinishers.ie.

Trí eagraíocht atá arna gcreidiúnú mar AICanna ag INAB go nuige seo, agus tá siad i mbun oibre anois. Is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as na rialacháin sin a fhorfheidhmiú. Tá isteach agus amach 300 iniúchadh AIC Tirimghlantóirí (TuaslagóirI) agus 500 Ath-bhailchríochnaithe Feithiclí (Péinteanna Maisiúcháin) curtha i gcrích go nuige seo. Rinneadh trí iniúchadh ath-bhailchríochnaithe feithiclí i gcomhar le húdaráis áitiúla i 2009. Tá a leithéid de scéim AIC á beartú don earnáil garáistí agus deisithe mótar, mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach, mar a nótáladh níos luaithe sa tuarascáil seo.

Rialachán um Shubstaintí Ídithe Ózóin (ODS) a chur i bhfeidhm

Cosnaíonn an ciseal ózóin an Chruinne ar ghathaíocht dhíobhálach ultravialait na gréine. Tionscnamh idirnáisiúnta idir-rialtasach is ea Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn Ciseal an Ózóin (1989), arb aidhm dó an ciseal ózóin strataisféarach a chosaint ar an dochar a dhéanann ceimiceáin antraipaigineacha áirithe. Rinneadh athbhreithniú i 2008/9 ar Rialachán Eorpach (CE Uimh. 2037/2000) agus cuirfear an rialachán leasaithe sin i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2010. Is é is aidhm do na rialuithe a tugadh isteach faoi Phrótacal Montréal agus faoin Rialachán AE ná substaintí áirithe a bhfuil ar a gcumas ózón a ídiú a rialáil ó thaobh a dtáirgthe, a n-allmhairithe/onnmhairithe, a gcur ar an margadh, a n-úsáidte, a n-aisghabhála, a n-athchúrsála, a n-athghabhála agus a scriosta de. Úsáid theoranta atá á baint as na substaintí sin in Éirinn anois, mar shampla, sna hearnálacha seo a leanas: cuisniú agus aerchóiriú (CFCanna agus HCFCanna), cosc agus múchadh dóiteáin (halóin) agus cógaseolaíocht (tuaslagóirí ídithe ózóin). Tá deireadh curtha anois le húsáid na bróimíde meitile i dtoitriú agus i lotnaidí in Éirinn. Tá faisnéis agus treoir faoi riachtanais na rialachán sin le fáil ar www.ozone.ie.

Tá freagrachtaí, riachtanais bhunúsacha cáilíochta agus oibleagáidí tuairiscithe ODSanna leagtha síos sa reachtaíocht chumasúcháin. Toisc nach bhfuil substaintí ídithe ózóin (ODSanna) á dtáirgeadh in Éirinn, tá cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin anseo dírithe go príomhúil ar na nithe seo a leanas: úsáid a rialáil, cur le feasacht agus féachaint chuige go ndéantar dramhaíl ODSanna ar bith a bhainistiú mar ba chóir. Tá feachtas saindírithe ar siúl, ach go háirithe, chun na hearnálacha

ábhartha a chur ar airdeall maidir le deireadh a bheith ag teacht go luath le húsáid HCFC (R22) i gcuisniú agus in aerchóiriú. Tá comhairliúcháin maidir le conas na cúrsaí sin a bhainistiú go héifeachtach ar siúl anois le hionadaithe na n-earnálacha seo a leanas: pharmachem, micreaphróiseálaithe, déiríocht. Baineann rialú allmhairithe agus onnmhairithe le hallmhairiú ó agus le honnmhairiú go dtí tíortha lasmuigh den AE agus is iad Údaráis Chustam na gCoimisinéirí Ioncaim atá á bhforfheidhmiú.

Ní cheadaítear ach úsáid chriticiúil halóin ODS, in innill dóiteáin in aerfoirt, mar shampla.

Cuireadh na cúig thuarascáil bhliantúla isteach in am don AE mar is gnáth i 2008, bunaithe ar shuirbhéanna a reáchtáladh i 2009. Leanadh den chóras a bhaineann le Fógra na Bliana Roimhe, faoina gceadaítear bogadh teoranta dramhaíl ODS laistigh de chomhlachtaí i mbun cuisnithe. Ón uair nár cuireadh ach 100 fógra isteach, is léir gur gá feabhas a chur ar an ngéilliúlacht maidir leis an gcóras sin. Tá treoir faoi ODS in earnáil an chuisnithe agus in earnáil an aerchóirithe á hullmhú anois. Leanadh den idirchaidreamh leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (Rialáil Lotnaidí, Seirbhísí Foraoise agus Cosaint Plandaí) agus le Rannóg Custam na gCoimisinéirí, mar eagraíochtaí ar a luíonn an fhreagracht maidir le tascanna áirithe ODS. Ina theannta sin, leanann an EPA den idirchaidreamh dlúth le heagraíochtaí ábhartha earnála, ara n-áirítear Institiúid Cuisnithe Éireann, Refrigeration Skillnet agus an Fire Engineering Systems Association. Cuireadh iniúchtaí i gcrích in aerfoirt na Sionainne agus Átha Cliath i 2009 maidir le húsáid neamhchriticiúil hálón.

Na Rialacháin um Gháis Fhluairín Ceaptha Teasa (F-gáis)

Úsáidtear gáis fhluairín ceaptha teasa antraipaigineacha in earnálacha éagsúla agus i dtáirgí éagsúla, ach is mór idir na saghsanna iarmhairt díobhálaí a dhéanann siad ó thaobh Athrú Aeráide de. Tá na gáis sin arna gclúdach ag Prótacal Kyoto, rud a chuimsíonn hidreafluaracarbóin (HFCanna), peirfluaracarbóin (PFCanna) agus sulfar heicseafluairíd (SF6). Is airde a gCumas Téite Domhanda ná dé-ocsaíd charbóin (rud

is ionann agus 1) agus síneann ó 97 do HFC-41 go 22,200 do SF6. Úsáidtear F-gáis i dtrealamh cuisnithe agus aerchóirithe (feithiclí san áireamh), i ndéantúsaíocht leathsheoltóirí, i gcórais chosanta dóiteáin, i lascghiar ardvoltais, in aerasóil leighis, i bhfuinneoga, i gcoisbheart, i mboinn gluaisteáin, i gcúir agus in aerasóil nuaga. Is ann do rialacháin AE ann anois a bhfuil de chuspóir acu cailliúintí F-gás a laghdú trí bhearta atá dírithe go príomhúil ar shrianadh agus ar chosc astuithe. Tá reachtaíocht chumasúcháin Éireannach á dréachtú anois ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) agus ábhar á sholáthar chuige sin ag an EPA. Tá forluí áirithe ann le hearnálacha arna gclúdach cheana féin ag na rialacháin ODS.

Leagadh freagracht ar an gCroífhoireann Coiscthe i 2009 as na bearta coiscthe sna rialacháin F-ghás a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn. Caithfidh oibreoirí a mbíonn F-gháis in úsáid acu sceití a chosc agus sceití aimsithe a dheisiú, socruithe a chur in áit chun na gáis a bhainistiú mar ba chóir agus chaithfidh siad cáilíochtaí bunúsacha creidiúnaithe áirithe a bheith acu. Tá caighdeáin náisiúnta arna bhforbairt i gcomhar le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) chun áiseanna oiliúna a sholáthar, agus tá radharc ar na dámhachtainí sin ag www.fetac.ie/modules. Sonraítear riachtanais áirithe maidir le lipéadú trealamh ina bhfuil F-gháis agus tá toirmeasc ar roinnt dóigheanna úsáidte/táirgí. Beidh ceangal go náisiúnta ar gach táirgeoir, ar gach ar gach allmhaireoir agus ar gach onnmhaireoir F-gás taifid a choimeád agus tuairiscí rialta a chur chuig Coimisiún an AE, le cóip chuig an EPA agus an DEHLG. Beidh gá le córais tuairiscithe náisiúnta, chomh, maith, chun astuithe bliantúla F-gháis a mheas.

Siúlóid um éifeacht fuinnimh ag Aerfort Réigiúnach Chiarraí.

Áit a mbíonn forluí earnálacha, déanfar rialacháin F-gháis a reáchtáil i dtreocheangal le forfheidhmiú rialachán ODS. Tá tús curtha le cruinnithe le húsáideoirí móra F-ghás, ar a n-áirítear grúpaí ollmhargaidh (cuisniú bia). pharmachem agus tionsclaíocht (Córais um Théamh, Aeráil agus Aerchóirithe). Tá tús curtha le clár iniúchtaí in earnálacha ábhartha. Tá treoir agus faisnéis maidir le F-gháis ar fáil agus teacht air sin ag www.fgases.ie.

6. Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir

Ionstraimí rialacháin gheilleagracha Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir (PRIanna), ina gcuirtear ceangal ar tháirgeoirí (idir dhéantóirí agus allmhaireoirí táirgí) maidir le freagracht fhisiceach agus airgeadais i leith dtáirgí i ndiaidh a n-iompaithe ina ndramhaíl. Tá ceangal ar tháirgeoirí aird a thabhairt thionchar comhshaoil a dtáirgí ó chéim a ndeartha, a n-úsáidte agus a mbainistithe i ndiaidh a gcaite. Meastar gurb iad ab fhearr a bheadh in ann na feidhmeanna sin a chur i gcrích ar an gcostas is lú, rud is féidir a chur ar aghaidh go dtí tomhaltóirí mar chostas imeallach de bhreis, ag teacht leis an bprionsabal íoc mar a thruaillitear. Ceanglaítear faoi Théarmaí Tagartha an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (Aguisín B) monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le tionscnaimh um fhreagracht ar an táirgeoir san earnáil, pé scéal é, táthar ag súil go mbeidh táirgeoirí go maith i gcumas tionchar a imirt ar dhearadh a dtáirgí, chun a dtionchar ar an gcomhshaol a chosc/mhaolú.

Soláthraíonn an Chroífhoireann Coiscthe ionchur agus tacaíocht maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm réimse PRIanna, i gcomhar le lucht leasmhara eile, trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcruinnithe den Ghrúpa Idirchaidrimh Fhreagrachtachta Táirgeoirí, den Ghrúpa Monatóireachta um Dhramhthralamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), den Ghrúpa Oibre Cadhnraí, de Choiste Bainistíochta Chumann Cláraithe WEE, den Ghrúpa Náisiúnta Straitéise um Athchúrsáil Dramhaíola Pacaístíochta, den Chomhairle Náisiúnta ar an Dramhaíl Foirgníochta & Scartála agus den Ghrúpa Forbartha Margaidh.

Déantar faisnéis a sholáthar, ach go háirithe, maidir le cad tá fós le déanamh chun spriocanna a bhaint amach chun aisghabháil a dhéanamh ar na sruthanna tosaíochta dramhaíola ar fad a bhaineann le hábhar, mar chuid den Thuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Bunaítear na figiúirí oifigiúla a chuirtear chuig Coimisiún an AE maidir le gach Treoir ar shonraí arna bhforbairt i gcomhair na dtuarascálacha sin, chomh maith. Tugtar cur síos anseo thíos ar chuid den obair atá curtha i gcrích ag an bhfoireann maidir leis na PRIanna éagsúla.

Rialacháin WEEE a fhorfheidhmiú

Cuireann Rialacháin WEEE ceangal ar tháirgeoirí trealaimh leictrigh agus leictreonaigh (EEE) clárú le clár WEEE register. Is é is cuspóir leis sin airgeadas a sholáthar maidir le WEEE a bhailiú, a stóráil, a chóireáil, a athghabháil agus, de réir mar is cuí, a dhiúscairt ar bhealach fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar oibleagáidí ar mhiondíoltóirí WEEE teaghlaigh a ghlacadh ar ais saor in aisce, clárú lena n-údarás áitiúil agus faisnéis a sholáthar dá gcustaiméirí faoi na roghanna .maidir lena dtabhairt ar ais. Tá treoir agus faisnéis maidir leis na Rialacháin ar www.weee-enforcement.ie.

Tá an EPA agus a cuid conraitheoirí ag leanúint dá gcuid iniúchtaí gan choinne gan fhógra ar mhiondíoltóirí agus ar tháirgeoirí EEE. Tá iarrachtaí suntasacha á ndéanamh

táirgeoirí gan clárú a aithint, mar aon le táirgeoirí a d'fhéadfadh a bheith faoi oibleagáid agus "saorthairbhithe". Cuireadh 96 iniúchadh ar mhiondíoltóirí agus 35 iniúchadh ar tháirgeoirí i gcrích i 2009 to date. Cuimsíonn Rialacháin WEEE táirgeoirí/miondíoltóirí a sholáthraíonn EEE trí chumarsáid i gcéin (suímh idirlín, catalóga postdíola, teileadhíol, srl.), chomh maith, agus táthar ag leanúnint den iniúchadh ar na oibríochtaí sin (rinneadh iniúchadh ar 21 suíomh idirlín i 2009). Ina theannta sin, reáchtáladh iniúchtaí ag an Taispeántas Acmhainní & Athghabhála agus ag an Seó Fuinnimh. Déanann an EPA leordhóthanacht na bpleananna um bainistiú dramhaíola agus na dtuairiscí arna gcur isteach ag táirgeoirí féinghéilliúlacha a mheas (rinneadh measúnú ar 380 arna measúnú bliain go dáta agus tá iniúchtaí ar an láthair sceidealaithe). Caitear le gach gearán a thagann isteach, cuma cad as dó, mar líomhaintí agus gníomhaítear ina leith mar chuid den iarracht leanúnach faireoireachta. Tá tús curtha le comhfhreagras leathan ina gcuirtear miondíoltóirí agus táirgeoirí araon ar airdeall i dtaobh a n-oibleagáidi faoi na Rialacháin (2,250 comhlacht).

I gcás nach mbíonn an EPA sásta leis an leibhéal géilliúlachta atá bainte amach ag eagraíocht ó thaobh faisnéis agus comhairle a sholáthar de, d'fhéadfaí dul i mbun dlí. Cuireadh ciontú ar an taifead i mí Iúil 2009 i gcoinne táirgeoir gnó-go-gnó nár chláraigh agus nár chuir tuairisc isteach maidir leis an líon EEE a cuireadh ar an margadh. Chiontaigh Cúirt Dúiche Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath Advanced Bar and Catering Services Teo. agus bhronn costais agus fíneálacha dár luach €8,000 ar an EPA. Tá ionchúisimh eile i gcoinne imreoirí neamhghéilliúla margaidh ar feitheamh.

WEEE á bhailiú i gcomhar a athchúrsála.

Torthaí suntasacha atá bainte amach go nuige seo ag Rialacháin WEEE, faoinar bailíodh lear mór dramhaíola a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, chun go ndéanfaí í a athchúrsáil. Sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl tuairiscítear gur bailíodh 51 míle tonna WEEE i 2007. Rinneadh ochtó faoin gcéad den WEEE sin a chóireáil in Éirinn i 2007. Ciallaíonn sé sin gur baineadh athúsáid as an ábhar i WEEE i slí is nár ghá ábhar úrnua a tháirgeadh. Ar an drochuair, dúnadh síos cuid dár gcumas dúchasach sin ó thaobh na cóireála agus na próiseála de go luath i 2009.

Tá soláthar glas poiblí mar bheart coiscthe a luaite i dTreoir um Chreat Dramhaíola 2008. Ag smaoineamh air sin agus ar éagsúlacht agus líon na EEE a cheannaíonn comhlachtaí poiblí, cuireadh nóta treorach maidir le soláthar EEE ar fáil don earnáil phoiblí níos leithne ar shuíomh idirlín an EPA. Tá comhairliúchán lucht leasmhara ar siúl a bhfuil an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gceannas air, d'fhonn bealaí a aimsiú chun athúsáid córasach WEEE a fhorbairt in Éirinn, rud a bheadh ina thionscnamh suntasach coiscthe ann féin.

Na Rialacháin um Chadhnraí agus Taisc-chadhnraí a fhorfheidhmiú

Tháinig na hoibleagáidí faoi na Rialacháin um Cadhnraí agus Taisc-chadhnraí in éifeacht i 2008. Is é is cuspóir don bheart sin ná an tionchar diúltach a bhíonn ag cadhnraí agus taisc-chadhnraí ar an gcomhshaol – agus ag dramhaíl cadhnraí agus taisc-chadhnraí – a íoslaghdú, i slí a chabhróidh le cosaint, le caomhnú agus le feabhsú cáilíochta comhshaoil. Tá soláthar sa reachtaíocht sin, cosúil le WEEE, maidir

táirgeoirí a chlárú agus oibleagáid a chur ar mhiondíoltóirí maidir le glacadh ar ais cadhnraí a mhaoiniú agus faisnéis a chur ar fáil don phobal. Tá treoir agus faisnéis maidir le riachtanais na Rialachán ar www.batteries-enforcement.ie.

Tá roinnt earnálacha agus gníomhairí geilleagracha arna gclúdach ag rialacháin WWW agus cadhnraí araon, mar bharainniú ar na hiarrachtaí forfheidhmithe. Tá roinnt earnálacha ann, áfach, nach bhfuil clúdaithe ach ag na rialacháin um chadhnraí, mar shampla, na hearnálacha tionsclaíocht. uathghluaisneachta agus mara. Tá tús curtha ag iniúchtaí, a chuimsíonn 72 díoltóirí cadhnraí soghluaiste, 48 déantóir mótar agus 45 miondíoltóir tionsclaíochta agus uathghluaisneach (talmhaíochta agus mara san áireamh). Dhírigh naoi gcinn déag de na hiniúchtaí ar tháirgeoirí ar chadhnraí. Is é is cuspóir leis an iarracht ar fhorfheidhmiú páirc chothrom imeartha a bhunú don lucht géilliúlachta, mar thaca leis na spriocanna uaillmhianacha a cuireadh in áit chun méideanna móra dramhaíola guaisí a bhailiú, a raibh an chuid is mó di gan bailiú.

Na Rialacháin um Fheithiclí i nDeireadh a Ré a fhorfheidhmiú

Faoi na Rialacháin um Fheithiclí i nDeireadh a Ré, caithfidh na sealbhóirí branda agus na táirgeoirí líonra náisiúnta Saoráidí Cóireála Údaraithe (ATF) a chur in áit. Caithfidh na saoráidí sin sainchaighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh agus díthruailliú, cóireáil agus aisghabháil a chur ar fáil d'fheithiclí atá i ndeireadh a saolré fónta. Is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as na gnéithe sin de na rialacháin a fhorfheidhmiú sna limistéir ina bhfuil siad inniúil.

Ina theannta sin, tá oibleagáidí maidir le héicidhearadh ar tháirgeoirí feithiclí, lena n-áirítear an dualgas a chinntiú nach bhfuil aon luaidhe ná mearcair ná cróimiam heicsifhiúsach in ábhair ná i gcomhpáirteanna na feithicle. Tá freagracht leagtha ar an gCroífhoireann Coiscthe maidir leis na riachtanais sin a fhorfheidhmniú. Bhíothas i dteagmháil leis an údarás ar a bhfuil an cúram céanna sa Ríocht Aontaithe, mar atá, an tÚdarás Deimhnithe Feithiclí, chun iarrachtaí forfheidhmithe a chomhordú. Is trí Bhallstáit eile AE a thagann formhór na bhfeithiclí isteach go hÉirinn agus iad arna bhformheas cheana féin de réir a gcineál. Cuirtear an obair a bhaineann leis na cúrsaí sin chun cinn amach anseo agus cuirfear treoir ina leith ar www.elvecodesign.ie.

Is í an EPA atá freagrach as na sonraí a bhailiú trí thionscadal na dTuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Bíonn an Chroífhoireann Coiscthe ag obair i gcomhar leis na páirtithe sna hearnálacha éagsúla féachaint cé mar is fearr is féidir sonraí athchúrsála a chnuasach. Tá aicmiú dramhaíola mórscála agus tástálacha mionghearrthóirí ar siúl faoi láthair chun faisnéis a sholáthar mar bhonn leis an obair sin.

Mionghearrthóir ELV á thástáil: burla carranna i gcomhair a mionghearrtha

Athchúrsáil na Pacáistíochta Dramhaíola

Tá na húdaráis áitiúla freagrach as forfheidhmiú na Rialachán Pacáistíochta sna limistéir ina bhfuil siad inniúil, go háirithe maidir le comhlachtaí tráchtála atá ag iarraidh a bheith géilliúil astu féin. Tugann Oifig Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil an EPA cúnamh ceannasaíochta do na húdaráis áitiúla tríd an Líonra Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil, d'fhonn an ghéilliúlacht do na Rialacháin Phacáistíochta a fheabhsú. Tá an Chroífhoireann Coiscthe freagrach as ráta athchúrsáil na pacáistíochta a fhíorú gach bliain mar chuid de thionscadal na Tuarascála Náisiúnta ar an Dramhaíl. Cuirtear eolas ar fáil, chomh maith, don Ghrúpa Straitéise Náisiúnta um Athchúrsáil na Dramhaíola Pacáistíochta.

Tháinig fás láidir go dtí 63.6 faoin gcéad i 2007 ar an athchúrsáil na dramhaíola pacáistíochta, go maith thar an sprioc náisiúnta 60 faoin gcéad do 2008. Cé go bhfuil sé tábhachtach leanúint de na spriocanna reachtúla athchúrsála sin a bhaint amach, tá níos mó béime á chur i gcónaí ar Chosc na Dramhaíola Pacáistíochta, rud ar a bhfuil cur síos níos luaithe sa tuarascáil seo. Cabhróidh sé sin leis an ngéilliúlacht maidir le gnéithe íoslaghdaithe na Riachtanas Bunúsacha Pacáistíochta. Cuimsíonn siad sin ceangal pacáistíocht a theorannú don leibhéal leordhóthanach is lú a theastaíonn i gcomhair na leibhéal sláinte, sláinteachais agus inghlacthachta don táirge a phacáistiú i gcomhair an tomhaltóra.

Tionscnaimh eile maidir le Freagracht ar an Táirgeoir

Tá an scéim um Plaisteach Feirme ag obair in Éirinn le tamall de bhlianta anuas. Foilsíodh rialacháin maidir le boinn rotha dramhaíola i 2007, chun iarrachtaí maidir leis an sruth dramhaíola sin a bhainistiú ar bhealach fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Is iad na húdaráis áitiúla atá mar údaráis forfheidhmithe don dá rialachán sin.

Freagracht níos mó ar an Táirgeoir

Faoi Alt 8 den Treoir um Chreat Dramhaíola, tá sé de chumhacht ag na Ballstáit bearta a achtú maidir le Freagracht Níos Mó ar an Táirgeoir (EPR). Is é is aidhm leis sin ná neart a chur le hathúsáid, le cosc, le hathchúrsáil agus le bealaí eile chun dramhaíl a aisghabháil. Is féidir riachtanais a chur isteach sna bearta sin chun freagrachtaí níos mó a chur ar tháirgeoirí gairmiúla a bhíonn i mbun táirgí a fhorbairt, a dhéanamh, a phróiseáil, a chóireáil, a dhíol nó a onnmhairiú. D'fhéadfadh ceangal a chur orthu táirge agus dramhaíl a ghlacadh ar ais i ndeireadh a saoil, bainistiú na dramhaíola ina dhiaidh sin agus freagracht airgeadais as na gníomhaíochtaí sin. D'fhéadfadh ceangal a bheith ann faisnéis phoiblí a sholáthar i dtaobh EPRanna. Ar an dóigh chéanna, is féidir le Ballstáit bearta a ghlacadh daoine a spreagadh chun táirgí a dhearadh i slí a laghdóidh a dtionchar ar an gcomhshaol a eascraíonn as a dtáirgeadh, a marthanacht theicniúil, a n-úsáidte, a gcumas athúsáidte, a n-aisghabhála, a n-athchúrsála agus a ndiúscartha.

Sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach, aithnítear gurbh fhéidir mbeadh EPRanna, mar shampla, ina gcabhair maidir le maoiniú agus le heagrú a dhéanamh maidir le cóir leighis do dhaoine a ghlacadh ar ais, mar aon le ceimiceáin/cógais feirme, dramhola/scagairí, soithigh péinte, ceimiceáin do ghairdín teaghlaigh agus pacáistíocht dúigh.

7. Conclúidí



Tugtar sa tuarascáil seo cuntas ar réimse leathan tionscadal atá á bhforbairt ag an gCroífhoireann Coiscthe le gur fearr a bheifear in ann an dramhaíl a chosc agus táirgiúlacht/éifeachtacht acmhainní a fheabhsú in eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí, agus i measc an phobail i gcoitinne. Tá sé seo thar a bheith cuí agus an tír ag druidim le ré tráth ina mbeidh laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus méadú ar éilimh ar éifeachtúlacht, ar nuálaíocht agus ar iomaíochas breise. Táthar ag súil leis na tionscnaimh a leathnú ar an leibhéal náisiúnta de réir mar a thugtar na céimeanna píolótacha chun críche agus mar a chuirtear meicníochtaí cuí, maoiniú agus acmhainní daonna ina measc, ar fáil chuige sin. Leanfaidh na tionscadail den tuairisciú ar chás-staidéir maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus cinnteoidh siad go gcuirfear san áireamh iad ar fud an chláir ina iomláine.

Gníomhaíocht thábhachtach straitéiseach i gcomhair na hÉireann is ea leanúint den iarracht dramhaíl a chosc, chun fás inbhuanaithe agus cumas iomaíochta a chinntiú don todhchaí. Sna bliana atá romhainn amach, meastar go leanfaidh torthaí tábhachtacha na tionscadail um chosc dramhaíola ar a bhfuil cur síos anseo, i gcomhar le tionscnaimh náisiúnta um bainistiú dramhaíola. Caithfidh acmhainní iomchuí a bheith ar fáil chuige sin, ag teacht le scála na ceiste agus freagra dearfa ar na dúshláin sin teacht ón lucht leasmhara/imreoirí ábhartha earnála.

Leanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe dá cuid oibre i gcomhar leis na himreoirí ar fad a bhaineann le hábhar chun meon coiscthe dramhaíola agus éifeachtacht acmhainní a fhorbairt go leanúnach i sochaí na hÉireann. Ach na hacmhainní iomchuí a bheith ann agus rannpháirtíocht thoilteanach an lucht leasmhara ar fad, cinnteoidh an fhorbairt leanúnach ar an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo go ndéanfaidh Éire dul chun cinn maith maidir le hÚsáid Éifeachtach Acmhainní. Sin rud a chuirfidh leis an gcumas iomaíochta náisiúnta agus leis an dul chun cinn maidir leis na gnóchláir faoi Athrú Aeráid agus Táirgiúlacht Inbhuanaithe agus Tomhaltas. in Éirinn.

Aguisín A
Ionadaithe Choiste an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Ionadaí	Eagraíocht
An Dr. Gerry Byrne, Chairman	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Ronan Uasal Mulhall / Pat Uasal Fenton / Jean Uasal Clarke	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Tom Uasal Quinlivan	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia
Margo Uasal Monaghan / Nina Uasal Brennan	An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Ainmniúchán iarrtha	Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae
Conor Uasal Gouldsbury	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
Brendan Uasal Keane	Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann
Mr. Enda Uasal Kiernan	Institiúid Cairte na Bainistíochta Dramhaíola
Marian Uasal Byron / Mark Uasal McAuley	Cumann Táirgí Tionsclaíochta na hÉireann
Des Uasal Cummins	Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
An Dr. John Ryan	Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann
Michael Uasal Gillen	Pharmachemical Ireland
Tom Uasal Dunne / Thomas Uasal Ryan	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Fred Uasal McDarby	Fiontraíocht Éireann
An Dr. Cathy Maguire	Comhar
Noel Uasal Duffy / Mr Tadhg Uasal Coakley	Ionad na Teicneolaíochta Glaine
Frank Uasal Corcoran	Environmental NGO's
Paul Uasal Jevens	Comhlachas Chumainn Tráchtála na hÉireann
Ainmniúchán iarrtha	Irish Creamery Milk Suppliers Association
Jonathan Uasal Healy	Forfás
Helen Uasal Maher	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Brendan Uasal McDonagh	Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann

Aguisín B
Téarmaí Tagartha an Choiste

Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl
TÉARMAÍ TAGARTHA

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl;

- Monatóireacht a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú a dhéanann na húdaráis phoiblí ábhartha ar mholtaí an Phlean Náisiúnta um Bainistíocht Dramhaíola Guaisí;

- Treoir straitéiseach agus comhairle a thabhairt don Chroífhoireann Coiscthe faoi mar is féidir an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a fhorbairt agus a chur chun cinn;

- Ionchur a sholáthar don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun críche ailt 26(6) den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996;

- Bearta tosaíochtaí a aithint agus moltaí a dhéanamh leis na húdaráis phoiblí agus leis na comhlachtaí príobháideacha ábhartha;

- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le tionscnaimh bheartais agus reachtaíochta chuí;

- Aird a thabhairt ar an bpolasaí agus an reachtaíocht náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta agus ar an dea-chleachtas maidir le cosc na dramhaíola agus bainistíocht na dramhaíola guaisí;

- An comhordú agus an t-idirchaidreamh idir na comhlachtaí ábhartha, idir phoiblí agus phríobháideacha, a éascú, a neartú agus a chur chun cinn maidir leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus le Plean Náisiúnta Bainistíochta na Dramhaíola Guaisí;

- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha maidir leis na riachtanais a bhaineann leis an bhfeasacht phoiblí fá dtaobh den dramhaíl ghuaiseach agus den chosc ar dhramhaíl;

- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thaighde agus ar shonraí úra faoin gcosc ar dhramhaíl, faoi threochtaí i ngineadh na dramhaíola guaisí agus neamhghuaisí agus faoi na cleachtais i mbainistíocht na dramhaíola;

- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi thosaíochtaí taighde;

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorás na dtionscnamh earnála fá dtaobh de fhreagracht na dtáirgeoirí;

- Faisnéis a chraobhscaoileadh faoin dea-chleachtas agus i mbainistíocht na dramhaíola guaisí;

- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh do na comhlachtaí soláthar an mhaoinithe chun tacú le forfheidhmiú Chosc ar Dhramhaíl agus an Phlean Náisiúnta Dramhaíola Guaisí; agus

- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú ina rianaítear cé mar Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus an Phlean Dramhaíola Guaisí ag dul chun cinn, agus Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Aguisín C
Sliocht as Plean um Chosc 2009-2010

Breathnú ar na samplaí in Iarscríbhinn IV (An Treoir um Chreat Dramhaíola)

Samplaí de bearta coiscthe dramhaíola dá dtagraítear dóibh in *Alt 29* denTreoir um Chreat Dramhaíola	Freagra ag Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl
Bearta ar féidir leo tionchar a bheith acu ar na coinnníollacha ginte dramhaíola sa chreat	
1. Bearta pleanála nó ionstraimí geilleagracha eile chun úsáid éifeachtach acmhainní a chur chun cinn.	Tuairiscítear gur laghdaigh leathnú an chórais íoc-ar-úsáid méid na dramhaíola teaghlaigh a fhágtar amach ag colbha cosáin. Ní chruthaíonn an anailís, áfach, pé acu an fíorlaghdú ar dhramhaíl teaghlaigh is bun leis sin, nó méadú ar úsáid áiseanna eile diúscartha dramhaíola. Ní léiríonn na staitisticí náisiúnta laghdú ar ghineadh dramhaíola ag teaghlaigh. Molfar sa NWPP úsáid a bhaint as ionstraimí pleanála agus geilleagracha, más gá, chun athrú a thabhairt i gcrích in earnálacha áirithe (Féach An Tionscnamh um Ghnó Glas).
2. Taighde agus forbairt a chur chun cinn i réimsí a bhaineann le táirgí agus le teicneolaíochtaí níos glaine, lena mbaineann níos lú dramhaíola a chur chun cinn, agus scaipeadh agus úsáid torthaí an taighde agus na forbartha sin a chraobhscaoileadh.	Tá clár reatha STRIVE ag déileáil leis an toipic sin, go háirithe faoin Chlár um Tháirgeadh Níos Glaine Níos Glaise a bhaineann leis. Faoin NWPP, cuirfear i bhfheidhm a dtorthaí agus a dtátail, agus scaipfidh cás-staidéir ábhartha i ngach tionscadal ábhartha, mar shampla, Dámhachtainí um Fháilteachas Glas, a d'eascair as tionscadal CGPP (féach An Tionscnamh um Ghnó Glas, chomh maith).
3. Táscairí éifeachtacha suntasacha a fhorbairt maidir leis an mbrú comhshaoil a bhaineann le gineadh dramhaíola, dírithe ar cabhrú le cosc dramhaíola ar gach leibhéil, ó chur i gcomparáid táirgí ar leibhéal an phobail go dtí gníomhartha ag údaráis áitiúla agus bearta náisiúnta.	Tá bealaí insuite i ngach tionscadal NWPP chun a dtionchar a thomhas. Ní leor iontu féin táscairí mar chabhair chun dramhaíl a chosc, ach tabharfaidh siad leideanna maidir le cén treo is fearr gníomh a dhíriú. Glacann sé achar ama táscairí coiscthe a fhorbairt agus déanfar a dtuairisciú chomh luath is a bheidh siad ar fáil. (Féach spriocanna agus táscairí.) Tá údaráis áitiúla rannpháirteach iontu, trí Líonra na nÚdarás Áitiúla maidir leis an gCosc.
Bearta ar féidir leo tionchar a bheith acu ar na céimeanna deartha, táirgthe agus scaipthe.	
4. Éicea-dhearadh (comhtháthú córasach gnéithe comhshaoil i ndearadh táirgí, d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht an táirge ar feadh a shaolré ar fad ó thaobh an chomhshaoil de).	Cuirfear éicea-dhearadh chun cinn sna réimsí seo a leanas sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl: • An Clár Coiscthe Pacáistíochta; • Dramhthrealamh leictreach & leictreonach (WEEE) (via treoracha WEEE agus ROHS); • Cadhnraí; • Péinteanna maisiúcháin; • Feithiclí i nDeireadh a Ré; • Treoir um Tháirgí Úsáidte Fuinnimh á tuar Uirlis thábhachtach is ea éicdea-dhearadh do chur chuige earnála ó thaobh éifeacht acmhainní agus cosc dramhaíola de. D'fhéadfaí cás staidéir oiriúnacha a aithint agus a chraobhscaoileadh tríd an gclár um Ghnó Glas. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaíocht i gcomhair fiontar trí chláir ar a n-áirítear *Táirgí Níos Fearr Don Chomhshaol.*.
5. Faisnéis maidir le cosc dramhaíola a sholáthar, d'fhonn cabhrú leis na teicnící is fearr a bhíonn ar fáil sa tionscal a chur ar fáil.	Gnáthuirlisí GBI is ea soláthar faisnéise agus léirithe dea-chleachtais a chur ar bun. Is féidir cur i bhfeidhm follasach a chur ar chosc dramhaíola trí cheadúnú IPPC.
6. Oiliúint san eagraíocht a chur ar údaráis inniúla	Táthar fós i dtadhall le dreamanna atá freagrach as

maidir le riachtanais choiscthe dramhaíola a ionsá i gceadúnais faoin Treoir seo agus faoi Threoir 96/61/CE.	ceadúnais agus ceadanna IPPC a dheonú agus a fhorfheidhmiú.
7. Bearta coiscthe táirgthe dramhaíola a chur isteach in ionaid nach gclúdaíonn Treoir 96/61/CE. D'fhéadfadh na bearta measúnú nó pleananna coiscthe dramhaíola a chuimsiú, más cuí.	Aghaidh tugtha air ag tionscadail greenbusiness.ie agus Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus ag cur chuige earnálacha i gcoitinne, ar a n-áirítear tionscnaimh tirimghlantóirí agus lucht ath-bhailchríochnaithe feithiclí (AIC).
8. Úsáid feachtas feasachta chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghnóluchtaí, nó cabhair maidir le cinntí a ghlacadh. Is féidir éifeacht ar leith a bheith ag baint le bearta mar sin, ach iad a bheith dírithe nó curtha in oiriúint do ghnóthais bheaga agus do ghnóthais mhéanmhéide agus iad ag obair trí líonraí seanbhunaithe gnó.	Aghaidh tugtha air ag tionscadail greenbusiness.ie agus Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus ag cur chuige earnálacha i gcoitinne. Tá suíomh idirlín envirocentre.ie ag Fiontraíocht Éireann.
9. Comhaontaithe deonacha, painéil tomhaltóirí / táirgeoirí nó idirbheartaíocht earnálacha a úsáid, ionas gur féidir le gnóluchtaí agus le hearnálacha a bhaineann le hábhar a bpleananna nó a gcuspóirí coiscthe dramhaíola féin a chruthú agus táirgí nó pacáistíocht a bheadh lochtach a leasú.	Aghaidh tugtha air ag tionscadail greenbusiness.ie agus Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus ag cur chuige earnálacha i gcoitinne. Beidh tábhacht ar leith ina leith sin ag idirghabháil ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá comhaontú earnáil miondíolachán á chomhordú ag Repak chun úsáid na pacáistíochta a laghdú. Tá Comhairle Náisiúnta Dramhaíola Foirgníochta & Scartála ann, atá ionadaíoch ar thionscnamh deonach tionscail chun uasmhéadú a dhéanamh ar athchúrsáil dramhaíola foirgníochta & scartála.
10. Córais inchreidiúnaithe a chur chun cinn maidir le cúrsaí comhshaoil a bhainistiú. ar a n-áirítear EMAS agus ISO 14001.	Is gá córas bainistithe comhshaoil a fhorbairt chun ceadúnais IPPC agus dramhaíola a fháil.. Córas leanúnach leasaithe atá sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas, atá bunaithe ar EMS agus é ailínithe le héicea-lipéad Eorpach Bláth an AE. Cuireann comhlachtaí forbartha tionsclaíochta eile (Fiontraíocht Éireann san áireamh) EMS chun cinn i ngnóluchtaí SME, agus soláthraíonn siad tacaíocht lena chur i bhfeidhm ar leibhéal na bhfiontar.
Bearta ar féidir leo tionchar a bheith acu ar na céimeanna tomhaltóireachta agus úsáide	
11. Ionstraimí geilleagracha, mar shampla, dreasachtaí i dtreo ceannachán glasa nó íocaíocht éigeantach a ghearradh ar thomhaltóirí as earra áirithe nó gné áirithe pacáistithe a bheadh saor in aisce, mura mbeadh an íocaíocht sin.	Samplaí de bhearta den chineál sin is ea an tobhach ar mhálaí plaisteacha, cáin ar líonadh talún, an Cháin um Chlárú Feithiclí agus ciste athchúrsála na dtáirgeoirí (WEEE). Moladh ráta malartach CBL ag cruinnithe den Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl chun tomhaltóirí a chur ar atreo go dtí ceannacháin níos fearr ó thaobh an chomhshaoil de, ach bheadh tuilleadh fiosruithe ina Fiosróidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil meicníochtaí maidir le haisíoc éarlaisí do phacáistíocht san athbhreithniú idirnáisiúnta ar bhainistiú dramhaíola atá ar siúl faoi láthair.
12. Úsáid a baint as feachtais feasachta agus as soláthar faisnéise dírithe ar an bpobal i gcoitinne nó ar dream sonraithe tomhaltóirí.	Chuir an Rás in Aghaidh na Dramhaíola a chuid oibre i gcrích i 2006. Tá feachtais www.change.ie agus cumhacht-an aoin (dírithe ar an athrú aeráide) ag leanúint ar aghaidh. Moltar sa NHWMP eolas a sholáthar do thomhaltóirí maidir le dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a chosc agus a dhiúscairt.
13. Éicea-lipéid inchreidiúnaithe a chur chun cinn.	Córas leanúnach leasaithe atá sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas, atá bunaithe ar EMS agus é ailínithe le héicea-lipéad Eorpach Bláth an AE.
14. Comhaontuithe le lucht tionscail, mar shampla, painéil táirgí a úsáid mar na cinn atá á reáchtáil laistigh den chreat um Beartais Chomhtháite Táirgí nó le miondíoltóirí maidir leis an eolas coiscthe dramhaíola a bhíonn ar fáil, mar aon le táirgí a mbíonn tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol.	Is é is dóichí ná go dtiocfaidh tionscnamh mar sin as cur chuige earnálacha GBI. Uirlisí bailí is ea na bearta sin ar fad chun déileáil leis na hearnálacha tionsclaíochta.
15. I gcomhthéacs soláthair phoiblí agus	Sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl

chorparáidigh, critéir chomhshaoil agus coiscthe dramhaíola a shníomh isteach i nglaonna ar thairiscintí agus i gconarthaí, ag teacht leis an Lámhleabhar a bhaineann le soláthar poiblí ó thaobh an chomhshaoil de a d'fhoilsigh an Coimisiún ar an 29 Deireadh Fómhair 2004.	Ghuaiseach, moltar go nglacfadh an Rialtas ról ceannais a ghlacadh chun meicníochtaí a fhorbairt, ina leagtar síos spriocanna agus táscairí maidir le soláthar glas. Ba chóir go mbeadh ionchur sa tionscnaimh sin ag an nGrúpa Forbartha Margaidh.
16. Athúsáid agus/nó deisiú táirgí caite iomchuí nó a gcomhpháirteanna a chur chun cinn, go háirithe trí úsáid a bhaint as bearta oideachasúla, geilleagracha nó lóistíocha nó eile, mar shampla, ionaid agus líonraí creidiúnaithe deisiúcháin agus athúsáidte a chur ar bun nó tacú leo, go háirithe i réigiúin ina bhfuil dlús mór daonra.	Tá roinnt suíomhanna idirlín an trínar féidir dramhaíl a mhalartú, ar a n-áirítear ceann dírithe go sonraithe ar ghnóluchtaí (www.wastematchers.ie i gceantar Chorcaí). Tá scéim mar sin á mholadh do cheantar Bhaile Átha Cliath, mar chomhlánú ar an malartán dramhaíola atá ann www.dublinwaste.ie. Tá scéim maidir le pailéid a mhalartú á reáchtáil ag Supply Network Shannon, le tacaíocht ó Oifig Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola Luimnigh/an Chláir/Chiarraí. Tacaíonn tionscnamh Athbheochana Bhaile Munna le gnó athchóirithe troscán. Tá roinnt fiontar sóisialta ann a dhéanann athchóiriú ar threalamh leictreach agus ar ábhar eile le cur ar díol in athuair. Tugann an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl tacaíocht do www.schoolbookexchange.ie. Tá prótacal d'athúsáid WEEE á fhorbairt ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Aguisín D
Acmhainní Idirlín um Chosc agus Treoir

Suíomh Idirlín	Príomhábhar
www.batteries-enforcement.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht do na Rialacháin um Chadhnraí (I.R. Uimh. 268 & 556 de 2008)
www.cleanerproduction.ie	Cás-staidéir agus faisnéis faoi Chlár um Tháirgeadh Níos Glaine Níos Glaise EPA/STRIVE
www.decopaints.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht do na Rialacháin um Péinteanna Maisiúcháin (I.R. Uimh. 199 de 2007)
www.elvecodesign.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht do na riachtanais um éicea-dhearadh sna Rialacháin Feithiclí i nDeireadh a Ré (I.R. Uimh.282 de2006)
www.epa.ie/whatwedo/resource/hazardous	An Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach agus treoir/faisnéis a bhaineann leis
www.wastereport.ie	Na Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl agus treoir/faisnéis a bhaineann leo
www.envirocentre.ie	An suíomh idirlín comhshaoil atá ag Fiontraíocht Éireann, ina ndírítear ar cabhair a thabhairt do SMEanna maidir lena n-oibleagáidí comhshaoil agus lena n-éicea-éifeachtúlacht agus a gcumas iomaíochta a fheabhsú
www.fgases.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht do Rialachán CE 842/2006 um Gháis Fhluaiirín Ceaptha Teasa
www.greenbusiness.ie	Faisnéis agus treoir maidir le conas is féidir le heagraíocht ar bith airgead a choigilt trína cuid dramhaíola a laghdú agus fuinneamh agus uisce a choigilt
www.greenhealthcare.ie	Faisnéis agus treoir maidir le conas is féidir le heagraíocht san earnáil cúram sláinte airgead a choigilt trína cuid dramhaíola a laghdú agus fuinneamh agus uisce a choigilt
www.greenhome.ie	Faisnéis agus treoir maidir le conas is féidir le duine ar bith airgead a choigilt trína chuid dramhaíola a laghdú agus a mhuiríniú, fuinneamh agus uisce a choigilt agus taisteal níos inbhuanaithe.
www.ghaward.ie	Faisnéis agus treoir maidir le conas is féidir le heagraíocht in earnáil an fháilteachais airgead a choigilt trína cuid dramhaíola a laghdú agus fuinneamh agus uisce a choigilt
www.hazred.org.uk	Faisnéis, treoir agus cás-staidéir maidir

	le cosc na dramhaíola guaisí i SMEanna, ag eascairt as tionscadal AE/Life a cuireadh i gcrích i 2007
www.lapd.ie agus www.ctc-cork.ie/lapd	Faisnéis maidir le Cláir Coiscthe NWPP na nÚdarás Áitiúla
www.managewaste.ie	Treoir maidir le cosc, arna forbairt ag Foireann Coiscthe NWPP Luimnnigh/an Chláir/Chiarraí
www.nwpp.ie	An leathanach baile ag suíomh idirlín Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl EPA
www.ozone.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht don reachtaíocht um Shubstaintí Ídithe Ózóin (Rialachán CE Uimh. 2037/2000 agus I.R. Uimh. 281 de2006)
www.pcbs.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht don reachtaíocht um Défheinill Polaclóirínithe (Treoir Comhairle 96/59/EC agus I.R. Uimh. 163 de 1998)
www.pops.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht don reachtaíocht um Thruailleáin Orgánacha Dhianseasmhacha (Rialachán CE Uimh. 850/2004 – I.R. fós le foilsiú)
www.preventandsave.ie	Faisnéis, treoir agus cás-staidéir maidir le conas is féidir le heagraíocht i slabhra soláthair táirge airgead a choigilt trína pacáistíocht a optamú
www.rohs.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht do na Rialacháin Maidir le Substaintí Guaiseacha (i dtrealamh leictreach / leictreonach) a Shrianadh (I.R. Uimh. 341 de 2005 & I.R. Uimh. 376 de 2008)
www.sei.ie	An suíomh idirlín ag Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, trína bhfuil treoir, faisnéis agus deontais ar fáil maidir le tomhaltas fuinnimh a laghdú agus aistriú go dtí foinsí in-athnuaite
www.solvents.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht do Solvents Regulation (I.R. Uimh. 543 de 2002)
www.stopfoodwaste.ie	Faisnéis agus treoir maidir le conas is féidir le duine ar bith airgead a choigilt trína chuid dramhaíola bia a laghdú
www.vehiclerefinishers.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht don Rialachán um Péinteanna Maisiúcháin (I.R. Uimh. 199 de 2007)
www.weee-enforcement.ie	Treoir agus faisnéis faoi ghéilliúlacht don Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach & Leictreonach (I.R. UImh. 199 de 2007)